**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

# An Ardteistiméireacht 2024

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Eacnamaíocht

**Ardleibhéal**

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Maidir leis na nótaí tacaíochta a chuirtear i láthair anseo, ní hiad amháin atá bailí ná, tógtha le chéile, ní liosta iomlán iad agus, maidir le haon phointe eolais ábhartha eile a chuireann iarrthóir i láthair, ba cheart caitheamh leis de réir a chuid buanna féin.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh athrú teacht ar na riachtanais ó bhliain go bliain mar sin.
- Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, níor cheart na marcanna a bhronnadh.
- Úsáideadh marcáil tuairisceora sa scéim mharcála seo chun marcanna a leithdháileadh do chodanna áirithe de roinnt ceisteanna chun pointe/pointí a fhorbairt. Tá cóipeanna den mharcáil tuairisceora a úsáideadh sna táblaí thíos. Bhí an marc tuairisceora a úsáideadh ag brath ar an leithdháileadh marcanna don chuid áirithe sin den cheist. Ceisteanna a bhfuil leithdháileadh 4 mharc acu – bain úsáid as an tábla thíos.

| 3 | 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• Forbairt o as an bhforbairt | • Eolas nach bhfuil ag teacht le chéile | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá ráitis |

| 4 | 3 | 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Dona** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt nach bhfuil ag teacht le chéilé<br>• Forbairt o as an bhforbairt | • Eolas nach bhfuil ag teacht le chéilé | • Eolas nó mearbhlach nó nach bhfuil ag teacht le chéilé | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá ráitis |

**INNÉACS DO CHEISTEANNA**


| **Ceisteanna** | | **Leathanach/Leathanaigh** |
|---|---|---|
| | Pointí le tabhairt faoi deara | **2 - 4** |
| **1-10** | **Roinn A** | **5 – 14** |
| | Roinn **B** | |
| **11** | | **15 – 20** |
| **12** | | **21 – 26** |
| **13** | | **27 – 33** |
| **14** | | **34 – 37** |
| **15** | | **38 – 42** |
| **16** | | **43 – 47** |
| | Tionscadal Taighde Scoláire | **48 – 51** |

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| **Nóta Mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| ✔ **1** | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✔ **2** | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✔ **3** | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✔ **4** | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✔ **5** | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✔ **6** | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✔ **7** | Faisnéis bhailí | 7 |
| ✔ **8** | Faisnéis bhailí | 8 |
| ✔ **9** | Faisnéis bhailí | 9 |
| ✔ **10** | Faisnéis bhailí | 10 |
| ✔ **11** | Faisnéis bhailí | 11 |
| ✔ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| **0** | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis | N/B |

# ROINN A (100 mharc)

Bronn 1 marc breise do gach ceann de na chéad cheithre cheist a freagraíodh i gceart.


| C | | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|
| **1** | | Taispeántar sa ghrafaic eolais oiriúnaithe thíos sonraí a bhaineann le Comhardú Í ocaíochtaí na hÉireann ar an gCuntas Reatha le haghaidh R2 2023.<br><br> | |
| | **(a)** | Ó na sonraí thuas, ríomh an t-iarmhéid i gcuntas reatha chomhardú na n-íocaíochtaí. Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann.<br>**Taispeáin do chuid oibre go léir.**<br>**Obair:**<br>€76bn + €91bn = €167bn<br>€38bn + €83bn = <u>€121bn</u><br>€46 bn<br>Barrachas nó Easnamh? Barrachas | 6 |
| | **(b)** | Tabhair buntáiste amháin le **barrachas** a bheith ar chomhardú na n-íocaíochtaí.<br>**Fás Eacnamaíoch Méadaithe** - Má tá barrachas ag tír ar chomhardú na n-íocaíochtaí fágann sé sin go bhfuil a cuid iompórtálacha níos mó ná a cuid easpórtálacha. Tá níos mó earraí agus seirbhísí á dtáirgeadh agus ba cheart go méadódh sé seo an OTN per capita.<br>**Fostaíocht Mhéadaithe** – Má tá barrachas ag tír ar chomhardú na n-íocaíochtaí fágann sé sin go bhfuil a cuid easpórtálacha níos mó ná a cuid iompórtálacha. Má tá méadú tagtha ar easpórtálacha, ní mór do níos mó daoine oibriú chun na hearraí agus na seirbhísí seo a chruthú agus mar sin is buntáiste é poist a chruthú a bhaineann le barrachas a bheith ar chuntas chomhardú na n-íocaíochtaí.<br>**Ioncam ó chánachas** – cuireann easpórtálacha ioncam suntasach ó chánachas leis an Státchiste. Gintear cáin dhíreach trí fhostaíocht uathu siúd a bhfuil baint acu le heaspórtálacha.<br>**Instealladh isteach sa gheilleagar** - is instealladh iad easpórtálacha isteach sa sreabhadh ciorclach ioncaim, méadaítear an t-iolraitheoir i méid agus téann ioncam náisiúnta in airde.<br>**IDC a mhealladh** – D'fhéadfadh corparáidí ilnáisiúnta (CINanna) a bheith ar an eolas faoi rath na hÉireann ar mhargaí eachtracha agus d'fhéadfadh sé seo iad a spreagadh chun lonnú in Éirinn. | 6 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2** | | De réir shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh (POS), bhí ráta dífhostaíochta na hÉireann, coigeartaithe de réir an tséasúir, ag 4.8% i nDeireadh Fómhair 2023. D'fhéadfaí féachaint air seo mar lánfhostaíocht. | |
| | **(a)** | Mínigh an tuiscint atá agat ar an téarma lánfhostaíocht.<br><br>Bíonn lánfhostaíocht ann nuair atá gach duine den lucht saothair atá toilteanach agus in ann obair a dhéanamh fostaithe ag na rátaí pá atá i réim an uair sin. In Éirinn, is iondúil go mbíonn sé ann nuair a bhíonn an ráta dífhostaíochta idir 4% go 5%. | **6** |
| | **(b)** | **Freagair (b) nó (c)**<br><br>Mínigh, agus dhá chúis á dtabhairt agat, an fáth a bhfuil lánfhostaíocht mar aidhm eacnamaíochta ag an rialtas.<br><br>**Ioncam cánach díreach/indíreach méadaithe** – Nuair atá daoine aonair i bhfostaíocht, cuireann siad le cáin an státchiste a ghlacadh trí cháin dhíreach (ÍMAT agus MSU). Nuair atá daoine aonair i bhfostaíocht freisin, tá níos mó ioncam indiúscartha acu agus dá bharr sin is féidir leo níos mó a chaitheamh. Gineann sé seo ioncam cánach indíreach (CBL) don státchiste.<br><br>**Íocaíochtaí leasa shóisialaigh laghdaithe** – Má tá daoine aonair i bhfostaíocht fágann sé sin nach gcaithfidh an rialtas leas sóisialach a íoc leo, rud a laghdaíonn caiteachas reatha an rialtais.<br><br>**Treisítear éileamh / fás geilleagrach sa gheilleagar** – Má tá daoine aonair i bhfostaíocht, ba cheart go mbeadh níos mó ioncam indiúscartha acu le caitheamh sa gheilleagar. Cuireann sé seo borradh faoin éileamh comhiomlán sa gheilleagar.<br><br>**Laghdú ar bhochtaineacht:** má tá daoine i bhfostaíocht tá ioncam á thuilleamh acu agus méadaíonn sé seo a gcaighdeán maireachtála, rud a laghdaíonn leibhéil na bochtaineachta laistigh den stát.<br><br>**NÓ** | **2 @ 3** |
| | **(c)** | Is aidhm eacnamaíochta de chuid an rialtais é lánfhostaíocht a bhaint amach. **Mínigh an dóigh a bhféadfadh dhá aidhm eacnamaíochta ar bith eile atá ag an rialtas faoi láthair teacht salach ar an aidhm seo.**<br><br>**Lánfhostaíocht vs cobhsaíocht praghsanna/boilsciú a rialú -** le fostaíocht iomlán tagann méadú ar chaiteachas i ngeilleagar ach d'fhéadfadh méadú ar tharraingt éilimh ar bhoilsciú a bheith mar thoradh air seo.<br><br>**Lánfhostaíocht vs buiséad cothromaithe/airgeadas stáit a rialú -** b'fhéidir gur mhaith leis an Rialtas caiteachas a mhéadú chun iarracht a dhéanamh fostaíocht iomlán a choinneáil, ach beidh sé sin ag teacht salach ar a mhian an buiséad a chothromú/airgeadas an stáit a rialú.<br><br>**Lánfhostaíocht vs cothromaíocht chomhardú na n-íocaíochtaí -** nuair atá níos mó daoine ag obair, tagann ardú ar ioncaim sa gheilleagar. Ós rud é gur geilleagar beag oscailte í Éire, caithfear cuid den ioncam méadaithe sin ar iompórtálacha a d'fhéadfadh an barrachas ar ár gcomhardú íocaíochtaí a laghdú.<br><br>**Lánfhostaíocht vs tithíocht do chách** – le fostaíocht iomlán tagann éileamh méadaithe ar úinéireacht tí. B'fhéidir nach mbeidh sé sin indéanta mar gheall ar ghanntanas saothair; moilleanna idir éileamh agus soláthar; deacrachtaí maidir le ceadanna pleanála. | **2 @ 3** |

**3**

Le linn 2022 ba é €600 an praghas cothromaíochta ar mheigeavata leictreachais in aghaidh na huaire. In iarracht chun dul i ngleic le géarchéim an fhuinnimh, bhí an Coimisiún Eorpach ag smaoineamh ar theorainn €200 an meigeavata in aghaidh na huaire a chur le praghas an leictreachais. *Arna chur oiriúint ó The Financial Times*

**(a)** Léirigh ar an léaráid thíos an dóigh a n-athródh moladh an Choimisiúin Eorpaigh thuas an léaráid. **6**




**(b)** Mínigh an tuiscint atá agat ar an téarma eacnamaíochta **buaicphraghas**. **2 @ 3**

Is éard is buaicphraghas ann ná an t-uasphraghas a shocraíonn rialtas de ghnáth ar féidir é a ghearradh le haghaidh earra/seirbhís de réir dlí/go dleathach. D'fhéadfadh an praghas seo a bheith faoi bhun an phraghais chothromaíochta atá leagtha síos ag an margadh, ach ní féidir le gnólacht an t-uasphraghas seo a shárú. Beart a chuirtear i bhfeidhm chun cosc a chur ar phraghsanna iomarcacha a ghearradh ar thomhaltóirí.

**NÓ**

**(c)** I gCáinaisnéis 2024, d'fhógair an rialtas creidmheas fuinnimh €450 do gach líon tí. Mínigh an fáth, dar leat, ar thug an rialtas isteach an creidmheas seo. **2 @ 3**

**An costas maireachtála a éascú/an caighdeán maireachtála a fheabhsú –** ba é príomhaidhm an chreidmheasa fuinnimh billí leictreachais a laghdú do gach teaghlach toisc go bhfuil an boilsciú fós an-ard. D'fhág sé sin go raibh tionchar diúltach ar chaighdeáin mhaireachtála na saoránach.

**Sealbhóirí ioncaim sheasta a chosaint -** ba cheart go gcuideodh an idirghabháil €450 seo leo siúd atá ar ioncaim sheasta agus mar thoradh air sin tá titim mhór tagtha ar a gcaighdeáin mhaireachtála de réir mar a ndeachaigh costais fuinnimh boilscithe in airde in 2022/2023.

**Cliseadh Margaidh -** ba cheart go gcuideodh an idirghabháil seo le tomhaltóirí atá ag fulaingt mar thoradh ar an gcliseadh páirteach margaidh sin a chosaint (tá praghas míshásúil táirgthe ag an margadh).

**Cogadh san Úcráin -** bhí an idirghabháil €450 seo a raibh costas os cionn €1.2 billiún uirthi mar chuid de phacáiste níos leithne €4.1 billiún de bhearta aonuaire a fógraíodh i mBuiséad 2023, a thacaigh le teaghlaigh agus le gnólachtaí ar fud na tíre nuair a bhí praghsanna arda fuinnimh ann, mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

**4** **(a)** Taispeántar sa tábla thíos cóimheas an chaipitil le saothar i ngnólacht le dhá bhliain anuas.

| | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| **Líon na meaisíní** | **5** | **10** |
| **Líon na n-oibrithe** | **5** | **5** |
| **CÓIMHEAS** | **1:1** | **2:1** |

| Fairsingiú Caipitil | | Doimhniú Caipitil | ✓ |
|---|---|---|---|

Tá doimhniú caipitil ag tarlú sa chás seo toisc go bhfuil 2 mheaisín in aghaidh an oibrí á n-úsáid ag an ngnólacht in 2023 i gcomparáid le 2022 nuair nach raibh ach 1 mheaisín amháin in aghaidh an oibrí á úsáid aige. **6**

**(b)** Tarlaíonn doimhniú caipitil nuair a bhíonn **níos mó caipitil in aghaidh an oibrí** mar thoradh ar mhéadú ar an stoc caipitil. **2 @ 3**

Tabhair breac-chuntas ar dháthoisc a d'fhéadfadh dul i gcion ar éileamh cuideachta áirithe ar shaothar.

**Ráta Pá -** a ísle atá an ráta pá, is ea is airde éileamh an ghnólachta ar shaothar (má thagann méadú ar an ráta pá, tagann méadú ar an gcostas ar an bhfostóir, rud a d'fhéadfadh an t-éileamh ar shaothar a laghdú).

**Éileamh ar aschur an ghnólachta / éileamh díorthaithe-**má tá éileamh ard ar aschur gnólachta, féadfaidh cuideachta foireann bhreise a fhostú - le linn amanna cúlaithe eacnamaíochta (éileamh laghdaithe), titeann an t-éileamh ar shaothar.

**Teicneolaíocht nua a bheith ar fáil –** is minic a thagann laghdú ar chostais mar thoradh ar theicneolaíocht nua a thabhairt isteach, rud a fhágfaidh go mbeidh titim ar an éileamh ar shaothar m.sh. seiceáil amach féinseirbhíse nó áiseanna seiceála isteach ar líne.

**Ionchais fiontraithe -** má tá daoine gnó dóchasach faoin todhchaí (Aeráid idirnáisiúnta/fás eacnamaíoch reatha) féadfaidh siad infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail nua/gnólachtaí atá ann cheana a leathnú chun éileamh ar shaothar a ghiniúint.

**An praghas atá ar thosca táirgthe eile -** chuirfeadh gnólacht an praghas atá ar thosca táirgthe eile i gcomparáid le praghsanna eile m.sh. caipiteal leis an gcostas atá ar shaothar breise chun an praghas is iomaíche a chinneadh.

**Dreasachtaí rialtais / fóirdheontais stáit -** Dreasachtaí do chuideachtaí chun fostaíocht foirne breise a spreagadh m.sh. ÁSPC fostóra a laghdú nó deontais fostaíochta Oifige Fiontair Áitiúil


**Leibhéil chánachais -** má laghdaítear brabúsacht gnólachta faoi chánacha níos airde ar bhrabúis ghnólachta, d'fhéadfadh sé seo an t-éileamh ar shaothar breise a laghdú.

**Táirge imeallach ioncaim (MRP) an tsaothair -** an nginfidh an t-oibrí níos mó ioncaim ná a ráta pá? Má ghinfidh, tá sé brabúsach don ghnólacht an t-oibrí seo a fhostú.


**NÓ**

**(c)** Mínigh an téarma **Éifeachtúlacht Imeallach an Chaipitil (MEC i mBéarla).** **6**

Is é an MEC an brabús breise a thuilltear mar thoradh ar aonad caipitil breise amháin a úsáid.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5** | | Bhí ceolchoirm ag Harry Styles an 10 Meitheamh 2023 ag Caisleán Bhaile Shláine, áit a bhfuil spás do 80,000 duine ar a mhéad. €97.10 an praghas a bhí ar na ticéid agus díoladh an t-iomlán acu taobh istigh de chúpla uair an chloig. | |
| | **(a)** | Ag baint úsáid as an eolas thuas, léirigh le cabhair ó léaráid atá lipéadaithe go hiomlán conas a d'fhéadfadh ganntanas ticéad don cheolchoirm seo a bheith ann.   | **8** |
| | **(b)** | Mínigh do léaráid thuas.<br><br>Tá an t-éileamh ar thicéid ag claonadh anuas ó chlé go deas.<br>Tá an soláthar ticéad seasta *nó* breá neamhleaisteach ag 80,000.<br>Má tá praghas na dticéad €97.10 faoi bhun phraghas na cothromaíochta beidh ró-éileamh ann. | **4** |

<table>
<tr>
<td>6</td>
<td>(a)</td>
<td>Le cuidiú léaráide lánlipéadaithe thíos (na haiseanna san áireamh), mínigh an coibhneas idir cuar meánchostais ghearrthréimhsigh gnólachta agus cuar a chostais imeallaigh.



</td>
<td>5</td>
</tr>
<tr>
<td></td>
<td></td>
<td>Míniú:<br>Má tá an costas imeallach níos lú ná an meánchostas, tá an meánchostas ag titim. Má tá an costas imeallach níos mó ná an meánchostas, tá an meánchostas ag dul in airde. Más ionann an costas imeallach agus an meánchostas, tá an meánchostas seasmhach / ag a phointe íosta.</td>
<td>3</td>
</tr>
<tr>
<td></td>
<td>(b)</td>
<td>Mínigh an cruth atá ar chuar an mheánchostais ghearrthréimhsigh a tharraing tú in (a) thuas.<br><br>An chuid atá ag claonadh anuas:<br><br>Speisialtóireacht/roinnt an tsaothair: is féidir leis seo tarlú má thagann méadú ar an táirgeadh, agus má chinneann an gnólacht speisialtóirí a fhostú nó má dhíríonn oibrithe atá ann cheana ar líon níos lú cúraimí. D'fhéadfadh níos mó éifeachtúlachta a bheith mar thoradh air sin agus ar an gcaoi sin is féidir costais aonaid a laghdú.<br>NÓ<br>Leathadh níos mó na gcostas seasta: de réir mar a théann cuideachta i méid, ní mhéadófar a costais sheasta go díreach de réir mar a tháirgtear níos mó. Tá costais sheasta statach thar raon aschuir agus iompraíonn siad iad féin ar bhealach cosúil le céim. Dá bhrí sin, scaiptear costais sheasta thar líon méadaitheach aonad agus de réir mar a thagann méadú ar an táirgeadh, titeann an costas seasta in aghaidh an aonaid.<br><br>An chuid atá ag claonadh in airde:<br>Dlí an toraidh imeallaigh laghdaithigh - de réir mar a chuirtear níos mó agus níos mó de thoisc inathraitheach le toisc sheasta, ag céim éigin tosóidh an méadú ar aschur de bharr an aonaid dheireanaigh den toisc inathraitheach ag laghdú. Chun níos mó a tháirgeadh sa ghearrthréimhse, bíonn cainníochtaí méadaitheacha den toisc inathraitheach (saothar) in aghaidh an aonaid a tháirgtear ag teastáil ón gcuideachta chun an t-aschur a mhéadú. I bhfocail eile, bíonn níos mó oibrithe ag teastáil chun cainníocht áirithe aschuir a tháirgeadh ná mar a bhí nuair a thosaigh an táirgeadh ar dtús.</td>
<td>2 @ 2</td>
</tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7** | | Tá méadú ag teacht ar líon na ndéagóirí in Éirinn a bhíonn ag vápáil. D'fhéadfadh roinnt contúirtí a bheith ag baint leis an vápáil do dhéagóirí.<br>Arna chur in oiriúint ó Nuacht RTÉ | |
| | **(a)** | Mínigh an fáth ar **cliseadh margaidh** de shaghas é táirgí vápála a cheannach.<br><br>Meastar ceannach earraí míthuillteanais i.e. táirgí vápála mar chliseadh margaidh toisc go ndéanfar rótháirgeadh agus ró-thomhaltas ar ghaltoitíní saormhargaidh.<br><br>Cruthaíonn a dtomhaltas seachtrachtaí diúltacha – éifeachtaí ar thríú páirtithe nach bhfuil baint acu le tomhaltas nó táirgeadh táirgí vápála.<br><br>Is earraí míthuillteanais iad táirgí vápála mar go bhféadfadh úsáideoirí beag is fiú a dhéanamh dá n-éifeachtaí díobhálacha *nó* gan a bheith ar an eolas fúthu.<br><br>Ní léiríonn a bpraghas saormhargaidh an fíorchostas príobháideach agus sóisialta a bhaineann leo. Dá dtabharfadh an saormhargadh aird iomlán ar chostais phríobháideacha agus shóisialta na ngaltoitíní, bheadh a bpraghas i bhfad níos airde. | **6** |
| | **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a bhféadfadh rialtas na hÉireann idirghabháil i margadh na vápála chun cliseadh margaidh seo a shárú.<br><br>**Cuir cosc ar ghaltoitíní a dhíol leo siúd atá faoi bhun 18 mbliana d'aois –** d'fhéadfadh an rialtas cosc a chur ar ghaltoitíní a dhíol le tomhaltóirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus an dlí seo a chur i bhfeidhm trí phionóis níos troime a ghearradh ar dhíoltóirí a sháraíonn an dlí.<br><br>**Tionscnaimh/eolas oideachais** – is é an réiteach ar theip eolais ná rochtain níos fearr ar eolas. Má leithdháileann an rialtas níos mó maoinithe ar oideachas a chur ar dhaoine faoi na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le vápáil, d'fhéadfadh sé gur lú an seans go gceannódh tomhaltóirí galtoitíní.<br><br>**Cánachas níos airde a fhorchur** – d'fhéadfadh an rialtas leibhéil níos airde cánachais agus/nó íosphraghsáil aonaid a thabhairt isteach cosúil leis an MUP ar alcól atá dírithe ar thoitíní leictreonacha a dhéanamh níos costasaí chun a dtomhaltas a laghdú.<br><br>**Cuir cosc/srian ar fhógraíocht le haghaidh táirgí vápála** – d'fhéadfadh an rialtas reachtú le haghaidh treoirlínte diana fógraíochta. D'fhéadfadh sé seo srian a chur ar mhargú galtoitíní agus dá bharr sin d'fhéadfadh sé go laghdófaí an t-éileamh orthu.<br><br>**Pacáistiú** / **díolphointe** – d'fhéadfadh an rialtas iallach a chur ar tháirgeoirí rabhaidh sláinte a chur ar phacáistiú táirgí atá cosúil leis an gceann atá ar thoitíní. D'fhéadfaidís pacáistíocht shimplí a éileamh agus/nó (mar atá le toitíní) a ndíol a shrianadh le miondíoltóirí áirithe nó iad a chur as radharc daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. | **2 @ 3** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8** | | Is straitéis choitianta phraghsála i gcónaí é idirdhealú praghsanna a úsáideann gnólachtaí ar fud an domhain. | |
| | **(a)** | Mínigh, agus sampla á úsáid agat, an tuiscint atá agat ar an téarma idirdhealú praghsanna. | |
| | | **Míniú:**<br>Is éard atá i gceist le hidirdhealú praghsanna ná nuair a ghearrann gnólacht praghas difriúil ar an táirge céanna ar thomhaltóirí éagsúla agus nuair nach bhfuil difríocht sa chostas táirgthe mar gheall ar an difríocht sa phraghas. | **4** |
| | | **Sampla:**<br>• Pictiúrlann/eagraíocht spóirt a chuireann ticéid ar phraghas laghdaithe ar fáil do dhéagóirí agus do phinsinéirí seanaoise (OAPanna).<br>• Netflix / Spotify ag gearradh praghsanna síntiúis éagsúla i dtíortha éagsúla.<br>• Muirir níos mó a bheith ag aerlínte le haghaidh suíochán eitilte níos gaire don dáta imeachta.<br>• Morgáistí á gcur ar fáil ag bainc ar ráta níos ísle úis do chustaiméirí nua. | **2** |
| | **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá **thréith de chuid tomhaltóirí** a cheadaíonn idirdhealú praghsanna. | **2 @ 3** |
| | | **Aineolas na dtomhaltóirí –** níl tomhaltóirí ar an eolas go bhfuil earra ar fáil in áiteanna eile ar phraghas níos ísle.<br>**Neamhshuim na dtomhaltóirí –** d'fhéadfadh an difríocht sa phraghas a bheith chomh beag sin nach miste do thomhaltóirí praghas níos airde a íoc.<br>**Meon na dtomhaltóirí –** tá an tomhaltóir sásta praghas níos airde a íoc mar go mbraitheann sé go bhfuil an táirge/an tseirbhís ar chaighdeán níos fearr. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 9 | (a) | Tá geallta ag Coillte 100,000 heicteár breise coillearnaí a chur faoi 2050, anuas ar an 440,000 heicteár atá á mbainistiú acu cheana féin. Meastar go gcosnóidh an moladh seo €2 bhilliún.<br>Arna chur in oiriúint ó the Irish Times<br><br>Tabhair breac-chuntas ar dheischostas amháin a bhainfidh leis an ngealltanas seo ó Choillte agus ar thairbhe shóisialta amháin ón moladh seo.<br><br>**Deischostas:**<br>• D'fhéadfaí an €2 bhilliún a úsáid chun críche malartach i.e. scoil nua nó ospidéal nua a thógáil.<br>• D'fhéadfaí an talamh a úsáid chun críche malartach.<br><br>**Tairbhe shóisialta:**<br>• D'fhéadfadh sé cuidiú leis an athrú aeráide trí chuidiú le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú/fíneálacha na hÉireann a laghdú mura mbaintear ár spriocanna aeráide amach.<br>• D'fhéadfadh sé cuidiú leis an gcomhshaol nádúrtha a chosaint trí chosc a chur ar leathnú aon bhonneagair thógtha.<br>• D'fhéadfadh leathnú na gceantar coillearnaí áiseanna fóillíochta feabhsaithe a chur ar fáil do shaoránaigh. | <br><br><br><br><br><br><br>**3**<br><br><br><br><br>**3** |
| | (b) | Lainseáladh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh in Aibreán 2022, rud a chruthaigh seachtracht dhearfach<br>do na contaetha Dún na nGall, Sligeach agus Maigh Eo.<br><br>Mínigh an tuiscint atá agat ar an téarma seachtracht dhearfach.<br><br>Le seachtrachtaí dearfacha, bíonn an leas don tsochaí i gcónaí níos mó ná leas príobháideach duine aonair.<br>Earraí / seirbhísí a dhéanann leas do thríú páirtí.<br>Déanfaidh ATU leas do na pobail sin sna contaetha sin ina bhfuil sí lonnaithe i.e. suíomh CINanna; fostaíocht mhéadaithe agus rathúnas eacnamaíoch srl. | <br><br><br><br>**6** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **10** | | Rinneadh na sonraí sa tábla thíos a leasú ó chuntais náisiúnta na hÉireann do 2023. | |

| Cur síos | Luach |
|---|---|
| **Glanioncam tosca ó thar lear** | **- €105 bn** |
| **Fóirdheontais AE** | **€2 bn** |
| **Cánacha AE** | **€0.5 bn** |

**(a)** Glac leis gurb é €430bn an **Olltáirgeacht Intíre (OTI) ag Praghsanna Reatha an Mhargaidh (PRM)** agus úsáid an t-eolas thuas chun páirt **(ii)** a ríomh. **Tá páirt (i) déanta duit. Luaigh na gaoil agus taispeáin do chuid oibre go léir.** — **6**


| | Coigeartuithe/Gaoil | Freagra € bn's |
|---|---|---|
| | | |
| | **Olltáirgeacht Intíre (OTI) ag Praghas Reatha an Mhargaidh** | **€430bn** |
| ↓ | Gaoil / Coigeartuithe:<br><br>Olltáirgeacht Intíre (OTI) ag Praghas Reatha an Mhargaidh<br>+/- Glanioncam Tosca ó Thar Lear | <br><br>430.00<br>(105.00) |
| **(i)** | **= Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN)ag Praghsanna Reatha an Mhargaidh** | **Fr: €325bn** |
| ↓ | Gaoil / Coigeartuithe:<br><br>Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) ag PRM<br>+ Fóirdheontais AE<br><br>– Cánacha AE | <br><br>€325bn<br>+ €2bn<br>€327bn<br>- €0.5bn<br>€326.5bn |
| **(ii)** | **= Ollioncam Náisiúnta ag Praghsanna Reatha an Mhargaidh** | **Fr: €326.5 bn** |

**(b)** Mínigh an téarma **Glanioncam Tosca ó Thar Lear.** — **6**

Is ionann glanioncam tosca agus an t-ioncam a thuilleann tosca táirgthe Éireannacha thar lear agus a sheoltar abhaile (a aisdúichítear) lúide ioncam arna thuilleamh ag tosca táirgthe eachtracha in Éirinn agus a sheoltar ar ais (a aisdúichítear) chuig a dtír féin.

# ROINN B (300 mharc)

## Ceist 11

| | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|
| (a)<br>20 | | Taispeántar ar an gcairt thíos líon na dturasóirí ó thar lear a tháinig go hÉirinn in Iúil 2021 agus i Lúnasa 2023.<br><br> | |
| | (i) | Ríomh an méadú céatadánach ar líon na dturasóirí ó thar lear i Lúnasa 2023 i gcomparáid le Iúil 2021.**Taispeáin do chuid oibre.**<br>**Obair:**<br>737,600 - 380,000 = 357,600 : $\frac{357,600}{380,000}$ X 100 = **94.11% / 94% Méadú**<br>*(- 1 as % a fhágáil ar lár)* | 8 |
| | (ii) | Tabhair breac-chuntas ar thionchar an mhéadaithe seo sa turasóireacht ar shreabhadh ciorclach an ioncaim in Éirinn.<br>Is easpórtáil dhofheicthe iad turasóirí eachtracha a thagann go hÉirinn toisc go gcaitheann siad airgead ar earraí agus ar sheirbhísí a tháirgtear in Éirinn / is instealladh é seo isteach sa sreabhadh ciorclach ioncaim. Méadóidh sé sreabhadh ciorclach ioncaim na hÉireann. | 6 |
| | (iii) | Tabhair breac-chuntas ar **mhíbhuntáiste** féideartha amháin le méadú ar líon na dturasóirí i ngeilleagar na hÉireann.<br>**Brú méadaithe ar bhonneagar/ar sheirbhísí –** fágann turasóireacht mhéadaithe go dtagann níos mó brú ar sheirbhísí atá faoi bhrú in Éirinn cheana féin. D'fhéadfadh sé seo cur isteach ar dhaonraí áitiúla a úsáideann na seirbhísí seo freisin agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le corraíl.<br>**Praghsanna méadaithe** – is minic a bhaineann áiteanna móra turasóireachta le praghsanna boilscithe. Is féidir sampla de seo a fheiceáil go soiléir i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath, áit a bhfuil praghsanna méadaithe ag go leor gnólachtaí mar fhreagra ar an turasóireacht agus mar thoradh air sin tá praghsanna níos airde ar earraí/ar sheirbhísí le sárú ag muintir na háite.<br>**Brú méadaithe chun oibrithe a fháil –** agus líon na dturasóirí ag dul in airde, tá an earnáil fáilteachais faoi bhrú chun oibrithe a mhealladh agus d'fhéadfadh méaduithe ar rátaí pá a bheith mar thoradh air seo freisin.<br>**Damáiste féideartha don chomhshaol** – agus méadú ag teacht ar líon na dturasóirí, d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh do láithreáin oidhreachta agus/nó don timpeallacht áitiúil.<br>**Méadú ar bhruscar/truailliú** – is minic gurb iad na háiteanna móra turasóireachta na háiteanna ina bhfuil an méid is mó bruscair. Is féidir sampla de seo a fheiceáil go soiléir i gceantair trá le linn an tsamhraidh nó i gceantair a bhaineann le siamsaíocht oíche. | 6 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)** 28 | **(i)** | Meastar gur mar seo atá i ngeilleagar na hÉireann: MPT = 0.22, MPM = 0.30 agus MPC = 0.6.<br><br>Bunaithe ar an eolas thuas, úsáid foirmle chuí agus ríomh luach an iolraitheora i ngeilleagar na hÉireann **agus** mínigh brí eacnamaíochta do fhreagra. Taispeáin do chuid oibre go léir.<br><br>**Modh 1:**<br><br>**Obair:** MPS = 1- 0.6 = 0.4<br><br>$\frac{1}{0.22 + 0.3 + 0.4}$ $\frac{1}{0.92}$<br><br>**Freagra = 1.08**<br><br>**Modh 2:**<br><br>$\frac{1}{1 - (0.6 - 0.22 - 0.3)}$ $\frac{1}{0.92}$<br><br>**Freagra = 1.08**<br><br>**Míniú:**<br><br>• Sa chás seo má tá instealladh €1 isteach sa sreabhadh ciorclach ioncaim, tiocfaidh méadú faoi 1.08 ar ioncam náisiúnta.<br>• Beidh aon instealladh tosaigh caiteachais ina chúis le méadú níos mó ar an sreabhadh ciorclach ioncaim faoi 1.08. | **12**<br><br>**4** |
| | **(ii)** | Mínigh go hachomair an dóigh a rachadh laghdú ar rátaí na cánach ioncaim i bhfeidhm ar luach an iolraitheora.<br><br>Bheadh níos lú silidh laistigh den gheilleagar mar thoradh ar laghdú ar cháin ioncaim agus bheadh méadú ar chaiteachas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.<br><br>Nuair a thagann méadú ar chaiteachas, gintear níos mó gníomhaíochta eacnamaíche laistigh den gheilleagar. | **4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá **úsáid** is féidir a bhaint as an eolas a chuirtear ar fáil i staitisticí an ioncaim náisiúnta.<br><br>**Léiriú ar athruithe ar ár gcaighdeán maireachtála -** Léireoidh aon athrú ar fhigiúirí ioncaim náisiúnta leibhéal an fháis eacnamaíoch, nó eile, laistigh den tír ó bhliain go chéile, agus tabharfaidh sé léiriú ginearálta ar athruithe ar an gcaighdeán maireachtála - In úsáid ag ceardchumainn chun éilimh phá a chosaint.<br><br>**Bealach chun comparáid a dhéanamh idir an caighdeán maireachtála i dtíortha éagsúla -** Is féidir linn na staitisticí ioncaim náisiúnta a úsáid chun an caighdeán maireachtála inár dtír a chur i gcomparáid le caighdeán maireachtála tíortha eile.<br><br>**Cuidiú le ranníocaíochtaí buiséid an AE a chinneadh -** Cinnfidh na staitisticí ioncaim náisiúnta an ranníocaíocht, más ann di, nach mór d'Éirinn a dhéanamh le buiséad an AE. Úsáidfear an figiúr laistigh den AE freisin chun a chinneadh cé na tíortha sin a dteastaíonn cabhair airgeadais ón AE uathu agus méid na cabhrach sin.<br><br>**Beartas eacnamaíoch a chur le chéile/ cuidíonn sé leis an rialtas ó thaobh cinnteoireacht eacnamaíoch -** bíonn tionchar níos mó ag rialtais ar fhorbairt agus ar fhás an gheilleagair. Chun pleanáil éifeachtach a dhéanamh do na rialtais seo teastaíonn eolas faoin ngeilleagar amhail an t-eolas a sholáthraítear leis na staitisticí Ioncaim Náisiúnta.<br><br>**Beartas eacnamaíoch a mheas -** Beartas eacnamaíoch chun athruithe ar an ngeilleagar agus athruithe eacnamaíocha sna hearnálacha éagsúla a mheas, agus chun tagarmharc a sholáthar<br>lenar féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, is fóinteach staitisticí náisiúnta a bheith ann.<br><br>**Taighde éifeachtach -** Taispeánann siad dáileadh an ioncaim ar fud na tíre. | **2 @ 4** |

**(c)**


**27**

Glac leis go bhfuil an margadh atá ag branda d'uachtar reoite orgánach i gcothromaíocht.

Mínigh, le cuidiú léaráide ar leith i ngach cás, na tionchair is dóichí a bheidh ag gach ceann díobh seo a leanas ar staid chothromaíochta tosaigh an mhargaidh seo:

**(i)** Tonn teasa fhada i gcaitheamh an tsamhraidh in Éirinn.


**5**
**5 @ 1**





- Athraíonn D/C ar dheis ($D_2$).
- Mar thoradh ar an dea-aimsir méadóidh tomhaltóirí a n-éileamh ar uachtar reoite.
- Íocfaidh siad praghas cothromaíochta níos airde – $P_2$.
- Díoltar cainníocht mhéadaithe mar thoradh air sin – $Q_2$.

Míniú:
Athraíonn D/C ar dheis / P níos airde / Q níos airde / tagairt do thoisc neamhphleanáilte (dea-aimsir).

**4**
**4 @ 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Méadú ar líon na dtomhaltóirí atá éadulangach ar lachtós.<br><br><br>• Athraíonn D/C ar chlé ($D_2$).<br>• Beidh laghdú ar an éileamh ar uachtar reoite mar thoradh ar an athrú seo ar dhúil na dtomhaltóirí.<br>• Leis an laghdú seo ar éileamh laghdófar na praghsanna go dtí an praghas níos ísle - $P_2$.<br>• Díoltar cainníocht cothromaíochta níos ísle mar thoradh air freisin – $Q_2$<br><br>Míniú<br>Athraíonn D/C ar chlé / P níos ísle / Q níos ísle / Tagairt d'athrú i ndúil na dtomhaltóirí. | **5**<br>**5 @1**<br><br>**4**<br>**4 @ 1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (iii) | Faigheann táirgeoirí fóirdheontas le huachtar reoite orgánach a tháirgeadh.<br><br><br>• Athraíonn S/C ar dheis ($S_2$).<br>• Laghdóidh an fóirdheontas costas táirgthe na ngnólachtaí/beidh costais aonaid níos ísle mar thoradh air agus beidh méadú ar sholáthar uachtar reoite mar thoradh air.<br>• Leis an méadú seo ar sholáthar laghdófar na praghsanna go praghas níos ísle – $P_2$.<br>• Díoltar cainníocht cothromaíochta níos airde mar thoradh air sin freisin – $Q_2$<br><br>Míniú<br>Athraíonn S/C ar dheis / P níos ísle / Q níos airde / tagairt d'fhóirdheontas lena laghdaítear an costas táirgthe. | **5**<br>**5 @1**<br><br><br><br><br>**4**<br>**4 @ 1** |

| | | Ceist 12 | |
|---|---|---|---|
| | | **Freagraí Féideartha** | |
| **(a)**<br>**24** | | In 2022, d'íoc 481,000 cáiníocóir in Éirinn €313m níos mó ná mar ba chóir dóibh i gcánacha ioncaim.<br>Arna chur in oiriúint ón Irish Independent | |
| | **(i)** | Is ceann de phrionsabail an chánachais é prionsabal na cinnteachta, i.e. ba chóir go mbeadh cáiníocóirí feasach ar a ndliteanas cánach.Mínigh **dhá** chanóin/phrionsabal cánachais eile.<br><br>**Cothromas:** ba cheart go mbeadh cánacha forchéimnitheach, i.e. cion níos airde den ioncam a ghlacadh i gcáin de réir mar a théann ioncam in airde. Ba cheart go mbeadh ualach cánachais níos mó ar dhaoine a bhfuil ioncaim níos airde acu, cé acu a bhaineann siad tairbhe as nó nach mbaineann. Tá cáin ioncaim in Éirinn an-fhorchéimnitheach mar go n-íocann iad siúd a bhfuil ioncaim níos airde acu cion níos mó dá n-ioncam i gcánachas.<br><br>**Geilleagar:** ba cheart an córas cánach a struchtúrú ionas go mbeidh an costas a bhaineann leis an gcáin a bhailiú beag i gcomparáid leis an toradh ón gcáin (is é príomhaidhm an chánachais ioncam a ardú don rialtas). Ba cheart go mbeadh an chuid is mó den cháin a ghlactar ar fáil ar mhaithe le leas an gheilleagair ní le haghaidh riaracháin. m.sh. Tá an Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) eacnamaíoch mar is féidir í a bhailiú ar líne.<br><br>**Áisiúlacht:** ba cheart an cháin a bhailiú ar bhealach agus ag am atá áisiúil don cháiníocóir. Tá sé níos áisiúla cáin a asbhaint ag an bhfoinse, e.g. ÍMAT seachas bille a fháil don mhéid iomlán atá dlite in aon íocaíocht amháin tar éis an t-ioncam a bheith caite.<br><br>**Níor cheart cánacha a bhrath, ná gníomhú, mar dhídhreasacht:** níor cheart go ndíspreagfadh rátaí cánach oibrithe ó bheith ag obair; níor cheart go ndíspreagfadh siad infheistíocht fiontraíochta; níor cheart go ndíspreagfadh siad daoine ó airgead a shábháil.<br><br>**Ba cheart go gcuideodh cánacha le hathdháileadh ioncaim:** ba cheart go gcuideodh córas maith cánach leis an rialtas ioncam a athdháileadh de réir a chéile uathu siúd atá in acmhainn íoc leo siúd a bhfuil ioncam teoranta acu.<br><br>**Ba cheart go mbeadh cánacha comhsheasmhach leis na cuspóirí eacnamaíocha náisiúnta agus go gcuideodh siad leo:** ba cheart go gcuirfeadh na cánacha a thoibhítear ar chumas an Rialtais cuspóirí eacnamaíocha agus sóisialta eile a bhaint amach m.sh. rátaí máil ar thoitíní a ardú chun caitheamh tobac a dhíspreagadh.<br><br>**Ba cheart go mbeadh tionchar cobhsaíochta ag cánacha ar an ngeilleagar:** is féidir le córas éifeachtach cánachais cosc a chur ar leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche bheith ag ardú chomh tapa agus a bheadh sé i bhfás eacnamaíoch murach sin. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart don chóras leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche a chosaint bheith ag titim chomh tapa agus a bheadh sé i gcúlú eacnamaíochta murach sin<br><br>**Níor cheart go bhféadfaí imghabháil cánach a dhéanamh -** níor cheart go bhféadfaí cánacha éifeachtacha a sheachaint. Níl an cháin cothrom sa chás sin. | **2 @ 5** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Bíonn na Coimisinéirí Ioncaim gníomhach ag ceistiú gníomhaíocht eacnamaíochta fholaithe de gach saghas.<br>Arna chur n oiriúint ó Thuarascáil Bhliantúil na gCoimisinéirí Ioncaim, 2021<br><br>Tabhair breacchuntas ar dhá thionchar ar gheilleagar na hÉireann a bheadh ag méadú ar ghníomhaíochtaí sa gheilleagar folaithe.<br><br>**Caillteanas ioncaim cánach don rialtas/brú ar sheirbhísí rialtais:**<br>Cailltear ioncam atá riachtanach chun seirbhísí stáit a sholáthar don státchiste. D'fhéadfadh an rialtas iad seo a úsáid ar bhealaí éagsúla. An caillteanas ioncaim don stát d'fhéadfaí go mbeidh ar an rialtas caiteachas a ghearradh agus foinsí breise ioncaim cánach a aimsiú agus/nó méid na seirbhísí a chuireann sé ar fáil a laghdú agus/nó iasachtaí a mhéadú.<br><br>**Laghdú ar ghníomhaíocht dhlisteanach ghnó:**<br>Beidh laghdú ar dhíolacháin ag teacht ar ghnólachtaí dlisteanacha, rud a fhágfaidh go gcaillfear poist agus go dtiocfaidh laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch.<br><br>**Caiteachas méadaithe rialtais ar fhorfheidhmiú:**<br>Chun srian a chur ar ghníomhaíochtaí an scáthgheilleagair b'fhéidir go mbeadh ar an rialtas caiteachas ar fhorfheidhmiú a mhéadú as a dtiocfaidh brú ar chúrsaí airgeadais an stáit.<br><br>**Leibhéil mhéadaithe coireachta:**<br>Mar thoradh ar mhéadú ar scáthghníomhaíochtaí/ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha faoi cheilt tá coireacht mhéadaithe ann agus d'fhéadfadh sí eagla a chur ar shaoránaigh.<br><br>**Caighdeáin táirgí/seirbhísí:**<br>Mar gheall ar easpa rialála, d'fhéadfadh táirgí a bheith neamhshábháilte nó díobhálach do thomhaltóirí.<br><br>**Méadú ar fhostaíocht sa gheilleagar faoi cheilt:**<br>D'fhéadfadh sé go roghnódh níos mó daoine fostaíocht a lorg sa gheilleagar seo i.e. seirbhísí glantacháin. Bac a chur ar ghnó dlisteanach. | **2 @ 5** |
| | **(iii)** | Níl ráta nua cánach 30% do shaothraithe meánioncaim (níos ísle ná an ráta 40% atá ann anois) curtha as an áireamh, a deir an Taoiseach, Leo Varadkar.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt eacnamaíochta amháin don cháiníocóir **nó** don rialtas dá dtabharfaí isteach an ráta cánach nua seo. Cuir tic () sa bhosca ábhartha thíos chun do rogha a chur in iúl.<br><br>**Cáiníocóir:**<br><br>**Ioncam indiúscartha méadaithe/caighdeán maireachtála feabhsaithe** – Ioncam indiúscartha méadaithe/caighdeán maireachtála feabhsaithe – coinneoidh saothraithe meánioncaim méid ioncaim níos mó agus dá bhrí sin beidh siad in ann níos mó a chaitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí a fheabhsaíonn a gcaighdeán maireachtála.<br><br>**Dreasacht chun oibre / níos lú eisimirce / inimirce mhéadaithe -** tá luach saothair d'fhostaithe níos mó agus is dreasacht chun oibre é seo – d'fhéadfadh lucht saothair níos táirgiúla a bheith mar thoradh air seo freisin. De réir mar a thiocfaidh feabhas ar dhálaí oibre in Éirinn beidh níos lú dreasachta ann do dhaoine fostaíocht a lorg thar lear. Beidh níos mó dreasachta ann freisin d'oibrithe imirceacha teacht go hÉirinn ó thíortha eile. | **1 @ 4** |

**Níos cothroime -** dáileadh ioncaim níos cothroime ar fud an daonra. Is fearr an luach saothair a thugtar do na ’daoine ar mheánioncam a bhfuil níos lú airgid acu’ as a gcuid iarrachtaí mar go ngearrfar cáin ar fhormhór a n-ioncaim i mbanda cánach níos ísle ná an ráta cánach 40% atá á ghearradh faoi láthair.

**Éileamh níos mó ar thomhaltóirí/ an éifeacht iolraitheora -** is féidir éileamh comhiomlán níos mó a bhaint amach do gheilleagar na hÉireann mar go laghdaíonn cánachas laghdaithe méid na siltí ón sreabhadh ciorclach ioncaim, rud a aisiompaíonn an éifeacht iolraitheora dhiúltach.

**Brú laghdaithe ar éilimh phá -** tiocfaidh méadú ar fhíor-ioncam fostaithe mar go dtiocfaidh méadú ar a bpá glan cé nach dtiocfaidh méadú ar a ráta pá ainmniúil. D'fhéadfaí nach mbeidh arduithe pá á lorg ag fostaithe.

**Rogha fheabhsaithe d'fhostaithe: fóillíocht vs obair –** le hioncam indiúscartha níos airde d'fhéadfadh sé sin deis a thabhairt do roinnt fostaithe a saol a ath-chothromú trína n-uaireanta oibre a laghdú.

**Rialtas:**

**Níos lú ioncam rialtais ó chánachas díreach -** de réir mar a thugann an rialtas ráta nua cánach isteach, beidh níos lú d'ioncam daoine incháilithe le cáin a ghearradh air ag an ráta níos airde rud a fhágann go bhfaighidh an rialtas méid níos lú cánach ó na hoibrithe seo. Os a choinne sin má bhíonn níos mó daoine ag lorg fostaíochta mar thoradh air – d'fhéadfadh méadú teacht ar ioncam cánach.

**Níos mó ioncam rialtais ó chánachas indíreach -** de réir mar a bheidh níos mó ioncam indiúscartha ag daoine ba cheart go mbeadh caiteachas méadaithe sa gheilleagar mar thoradh air. Ba cheart go bhfágfadh an méadú seo ar chaiteachas go mbaileodh an rialtas níos mó ioncam indíreach trí CBL.


**Tionchar diúltach ar chomhardú na n-íocaíochtaí -** d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ann ar chomhardú na n-íocaíochtaí ar an gcuntas reatha mar gur dócha go méadóidh daoine a bhfuil pá glan méadaithe acu a dtomhaltas earraí agus seirbhísí. Tiocfaidh cuid de na hearraí agus na seirbhísí seo ó thar lear, rud a mbeidh tionchar diúltach aige ar chomhardú íocaíochtaí na hÉireann.

**Deischostas an tionscnaimh** – leis an bhféidearthacht ioncam cánach laghdaithe d'fhéadfaí go mbeadh ar an rialtas infhaighteacht seirbhíse poiblí a laghdú agus /nó foinse ioncaim mhalartach a lorg.

**An rialtas a bheith ag brath níos mó ar chineál ioncaim cánach atá níos lú cobhsaí -** tá ioncam ó cháin ioncaim measartha cobhsaí mar sin b'fhéidir go mbeidh an rialtas a bheith ag brath níos mó anois ar chineál ioncaim atá níos lú cobhsaí i.e. fáltais CBL / CPT.

| (b) | | |
|---|---|---|
| 31 | | |

Taispeántar thíos sonraí as Praghasinnéacs na dTomhaltóirí (PIT), gach earra, ina léirítear an ráta boilscithe in Éirinn – tá an t-athrú céatadánach bliantúil (%) léirithe thíos ó Mhárta go Deireadh Fómhair 2023.




**(i)** Tabhair breac-chuntas ar threocht fhoriomlán an athraithe bhliantúil % ar shonraí an PIT mar a léirítear sa ghraf thuas é. **Úsáid figiúirí ón ngraf.** **6**

Tá treocht fhoriomlán an PIT idir mí an Mhárta agus mí Dheireadh Fómhair ag laghdú.
Tá laghdú beagnach 3% tagtha air.
Tá laghdú tagtha air ó dhíreach faoi bhun 8% i mí an Mhárta 2023 go dtí thart ar.. 5% i mí Dheireadh Fómhair 2023.

**(ii)** Taispeántar sa tábla thíos praghasinnéacs ilchodach tíre do na catagóirí caiteachais a leanas: bia; iompar; agus earraí eile. Úsáid an t-
eolas sa tábla thíos agus ríomh an praghasinnéacs don bhliain reatha. **Taispeáin do chuid oibre.** **19**

| **Catagóir** | **% den ioncam (ualach) a caitheadh ar earra (í)** | **Praghas earra(í) sa bhonnbhliain €** | **Praghas earra(í) sa bhliain reatha €** | **Ríomh an phraghasinnéacs shimplí** | **Ualach** | **Toradh** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bia | 65% | 60 | 66 | 66 x 100 / 60 1 = 110 | x 65% | 71.5 |
| Taisteal | 20% | 30 | 45 | 45 x 100 / 30 1 = 150 | x 20% | 30.0 |
| Earraí Eile | 15% | 80 | 96 | 96 x 100 / 80 1 = 120 | x 15% | 18 |
| | 100% | | | | Praghasinnéacs don bhliain reatha | **119.5** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag boilsciú ard praghsanna ar gheilleagar na hÉireann.<br><br>**Caillteanas cumhachta ceannaigh/ titim i gcaighdeáin mhaireachtála -** teastaíonn níos mó airgid anois chun na hearraí/seirbhísí céanna a cheannach, rud a fhágann go bhfuil laghdú tagtha ar chumhacht cheannaigh na dtomhaltóirí in Éirinn. Dá bhrí sin, ceannaíonn siad níos lú earraí ná mar a bhí siad in ann a cheannach roimhe seo, rud a fhágann go bhféadfadh caighdeán maireachtála níos ísle a bheith ann / go ndéanfaidh roinnt gnólachtaí a lucht saothair a laghdú chun costais a ghearradh.<br><br>**Tá na daoine sin atá ar ioncaim sheasta ag cailleadh amach -** bíonn daoine a thuilleann ioncaim sheasta (m.sh., faighteoirí leasa) ag fulaingt níos mó le linn na tréimhse boilscithe seo toisc go mbíonn an caillteanas is mó cumhachta ceannaigh orthu agus go mbíonn a n-ioncaim i gcónaí ag iarraidh teacht suas.<br><br>**D'fhéadfadh éilimh ar phá a bheith ann –** d'fhéadfadh oibrithe a bhfuil laghdú ar a gcaighdeán maireachtála méadú ar phá a lorg, rud is cúis le caillteanais post; méadú ar phraghsanna srl.<br><br>**Caillteanas iomaíochais idirnáisiúnta** – má tá an ráta boilscithe níos airde ná ráta ár n-iomaitheoirí ansin d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le heaspórtálacha ó Éirinn a bheith róchostasach agus titim ar éileamh.<br><br>**Mura ndéantar rátaí cánach a innéacsú leis an ráta boilscithe, is féidir ceist an chúltarraingthe fhioscaigh teacht chun cinn –**<br>de réir mar a thagann méadú ar phá chun oibrithe a chúiteamh as boilsciú ard, féadfaidh oibrithe dul isteach sa réim chánach imeallaí, rud a fhágann go n-íoctar cion níos airde den ioncam i gcáin. Mar thoradh air seo laghdaítear a n-ioncam i dtéarmaí réadúla de réir mar a leanann praghsanna de bheith ag dul in airde.<br><br>**Féadfaidh iasachtaithe tairbhe a bhaint as:** laghdaítear fíorchostas na n-aisíocaíochtaí. | **2 @ 3** |
| **(c)**<br><br>**20** | **(i)** | Caitheann tomhaltóirí in Éirinn suas le €10,000 gach nóiméad ar an gcearrbhachas ar líne.<br>Arna chur in oiriúint ó the Irish Times<br><br>Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil sé tábhachtach rialáil a dhéanamh ar thionscal an chearrbhachais in Éirinn.<br><br>**Cosnaítear tomhaltóirí ar dhúshaothrú –** ós rud é go bhfuil cearrbhachas andúile féadfaidh rialáil cosc a chur ar dhaoine dul i gcruatan airgeadais/ bheith i bhfiacha.<br><br>**Iompar frith-iomaíoch a chosc --** d'fhéadfadh rialáil deireadh a chur le fógraíocht ionsaitheach ag gnólachtaí / úsáid gimicí lenar féidir cliaint ionchasacha a mhealladh agus leas a bhaint as tomhaltóirí ar an gcaoi sin.<br><br>**Iad siúd atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a chosaint -** is cúis imní é an cearrbhachas laistigh den aoisghrúpa seo. Más féidir le rialáil deireadh a chur le cleachtais a dhíríonn ar an aoisghrúpa seo agus a mheallann é d'fhéadfadh sé cuidiú le cosc a chur ar a bheith tugtha don chearrbhachas.<br><br>**Fás na cumhachta monaplachta a chosc –** d'fhéadfadh roinnt gnólachtaí sa tionscal seo a bheith in uachtar agus mí-úsáid a bhaint as an seasamh seo trí bheartais phraghsála; díriú ar aois ar leith / ar ghrúpaí déimeagrafacha; an tionchar atá acu ar roinnt spórt.<br><br>**Cliseadh margaidh a chosc** – d'fhéadfadh an tionscal cearrbhachais in Éirinn a bheith ina chúis le seachtrachtaí diúltacha i.e. tríú páirtithe a dtéann an cearrbhachas i bhfeidhm orthu, ach nach bhfuil baint acu leis an gcearrbhachas, a mbíonn an costas orthu. | **1 @ 4**<br>**1 @ 2** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Rangaítear toitíní mar earraí díluaíochta.<br>Tabhair breac-chuntas ar thionchar fhéideartha amháin ó mhargaí earraí díluaíochta.<br><br>**Ró-thomhaltas táirge** – má tá an costas príobháideach níos lú ná an costas sóisialta d'fhéadfadh ró-thomhaltas an táirge a bheith mar thoradh air agus d'fhéadfadh iarmhairtí neamh-inmhianaithe sóisialta a bheith mar thoradh air.<br><br>**Fostaíocht (díreach agus seachtháirge) –** margaí míthuillteanais cé go dtáirgeann siad earraí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, is foinse ollmhór fostaíochta iad i ngeilleagar na hÉireann agus ní bheadh an geilleagar i riocht chomh láidir céanna gan iad. I gcás fhormhór na ngnólachtaí cruthaítear poist indíreacha agus téann sé sin chun tairbhe do gheilleagar na hÉireann arís.<br><br>**Ioncaim chánach –** is foinse ollmhór fostaíochta iad margaí míthuillteanais i ngeilleagar na hÉireann agus dá bharr sin gintear ioncaim mhóra dhíreacha chánach don stát. Baineann an rialtas tairbhe freisin as ioncaim mhóra indíreacha chánach a ghintear trí na hidirbhearta a dhéantar. Gan na hioncaim sin ní bheadh an geilleagar i riocht chomh láidir céanna.<br><br>**Seachtrachtaí diúltacha –** is seachtrachtaí diúltacha iad éifeacht dhiúltach earraí díluaíochta i.e. bíonn éifeachtaí diúltacha acu ar thríú páirtithe nach bhfuil baint acu le tomhaltas an earra. Is féidir éifeachtaí diúltacha móra a bheith ag earraí díluaíochta ar thríú páirtithe i.e. leibhéil mhéadaithe choireachta; fiachas méadaithe do theaghlaigh úsáideoirí.<br><br>**Maoiniú ón Rialtas do chláir chun dul i ngleic le seachtrachtaí diúltacha** – d'fhéadfadh maoiniú a bheith ag teastáil chun dul i ngleic le handúil; coireacht; soláthar seirbhísí sláinte srl. | **1 @ 4** |
| | **(iii)** | Bonn tuisceana amháin faoi iompraíocht tomhaltóirí is ea go mbíonn a n-ioncam teoranta.<br><br>Mínigh **dhá** bhonn tuisceana thábhachtacha eile faoi iompraíocht tomhaltóirí.<br><br>Féachann tomhaltóirí leis an áirgiúlacht is mó a fháil ón ioncam sin/géillfidh siad do phrionsabal comhimeallach iompar na dtomhaltóirí - caithfidh tomhaltóirí a n-ioncaim theoranta sa chaoi go ndéanfaidh siad iarracht an sásamh is mó a bhaint as na hearraí agus na seirbhísí a cheannaíonn siad agus go bhfaighidh siad an luach is fearr ar airgead.<br><br>Bíonn tomhaltóirí faoi réir dhlí na háirgiúlachta imeallaí laghdaithí - de réir dhlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí, de réir mar a chaitear níos mó aonaid d'earra, go sroichfear pointe ina dtosaíonn áirgiúlacht imeallach (breise) ag meath ar deireadh<br><br>Gníomhóidh formhór na dtomhaltóirí go réasúnach - gníomhaíonn an tomhaltóir ar bhealach atá comhsheasmhach lena roghanna m.sh. Má fheiceann duine tráchtearra comhionann ar phraghas difriúil in dhá shiopa, ceannóidh sé an t-earra ar an bpraghas níos ísle. | **2 @ 5** |


# Ceist 13

**Freagraí Féideartha**

**(a)**

**28**

Is grafaic eolais de chuid POS í seo thíos. Tugann sí roinnt réamhthorthaí ó Dhaonáireamh 2022.




**(i)** Úsáid na sonraí sa tábla thíos (a baineadh as an ngrafaic eolais thuas) agus ríomh an céatadán den athrú ar an daonra idir 2016 agus 2022 a tharla mar gheall ar an nglanimirce. **Taispeáin do chid oibre.**

| | |
|---|---|
| Daonra 2016 | 4,761,865 |
| Daonra 2022 | 5,123,536 |
| **Athrú Foriomlan** | **361,671** |
| **Glanimirce** | **190,333** |

$$\frac{190,333}{361,671} \times \frac{100}{1} = 52.63\%$$

**8**

*(- 1 as % a fhágáil ar lár)*

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Pléigh dhá iarmhairt eacnamaíochta a bhaineann le daonra **a** bheith **ag** méadú.<br><br>**Éileamh méadaithe ar earraí & seirbhísí / margadh intíre níos mó do ghnólachtaí -** le daonra atá ag dul in airde fásann an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí laistigh den tír. D'fhéadfadh níos mó deiseanna le haghaidh infheistíochta a bheith mar thoradh air seo. D'fhéadfadh gnólachtaí a mhéadaíonn aschur tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála.<br><br>**Ioncam mhéadaithe rialtais -** Agus níos mó agus níos mó daoine ag dul isteach sa mhargadh fostaíochta, ba cheart go méadódh sé seo ioncam cánach don rialtas.<br><br>**Laghdú ar ghanntanais saothair -** má tá folúntais ann, d'fhéadfadh méadú ar an daonra cuidiú leis na ganntanais saothair seo a laghdú agus an dífhostaíocht i gcoitinne a laghdú. Cabhróidh sé seo leis an gcaiteachas leasa shóisialaigh a laghdú.<br><br>**Brú méadaithe ar sheirbhísí poiblí -** d'fhéadfadh daonra atá ag dul in airde brú breise a chur ar sheirbhísí riachtanacha m.sh. seirbhísí sláinte, scoileanna srl.<br><br>**Brú méadaithe ar bhonneagar na tíre -** cuirtear brú níos mó ar bhonneagar na tíre as a dtagann scrogaill m.sh. brú tráchta méadaithe, spásanna teoranta in áiseanna oideachais don daonra.<br><br>**Luachanna talún / ganntanas tithíochta -** de réir mar a thagann méadú ar dhlús an daonra, de réir mar a éiríonn an talamh atá ar fáil gann, de réir mar a thagann méadú ar phraghas na talún agus de réir mar a théann an ghéarchéim tithíochta in olcas. | **1 @ 6**<br><br>**1 @ 4** |
| | **(iii)** | Léirítear sa ghrafaic eolais ar leathanach 21 freisin an fáth ar thug an Rialtas isteach Cáin ar Thithe Folmha. Tabhair breac-chuntas ar dhá **bhuntáiste** a bhaineann le Cáin ar Thithe Folmha a thabhairt isteach.<br><br>**Daoine a spreagadh chun an réadmhaoin fholamh a dhíol -** d'fhéadfadh sé seo na daoine sin a bhfuil an réadmhaoin fholamh acu a spreagadh lena díol agus mar sin d'fhéadfadh na daoine sin a dteastaíonn teach uathu i ndáiríre rochtain a fháil ar cheann anois.<br><br>**D'fhéadfadh sé maolú a dhéanamh ar an ngéarchéim tithíochta / laghdú ar easpa dídine -** tá an ghéarchéim tithíochta ar cheann de na saincheisteanna eacnamaíochta is leanúnaí in Éirinn le blianta beaga anuas agus tá sí ag éileamh ar an rialtas cóiríocht éigeandála a mhaoiniú. D'fhéadfaí an costas seo a laghdú ó thaobh cóiríocht a chur ar fáil dóibh siúd atá gan dídean.<br><br>**Ioncam don rialtas** – méadóidh an VHT seo ioncam don stát agus tabharfaidh sé deis don rialtas an t-ioncam seo a úsáid ar mhaithe le saoránaigh.<br><br>**Mí-leithdháileadh acmhainní/deischostas/cliseadh margaidh -** geilleagar ina bhfuil géarchéim na ndaoine gan dídean agus ag an am céanna is léir go bhfuil tithe díomhaoine ag fulaingt de bharr teip sa mhargadh toisc nach bhfuil acmhainní á leithdháileadh i gceart. Níl aon teach acu siúd a dteastaíonn tithe uathu agus ag an am céanna níl siad á n-úsáid acu siúd a bhfuil siad acu.<br><br>**Laghdú ar láithreáin thréigthe** – má bhaintear é seo amach trí réadmhaoin den sórt sin a dhíol ansin bíonn na láithreáin seo ar fáil le haghaidh forbartha, rud a mhéadaíonn an soláthar tithe agus a bhaineann 'radhairc ghránna'. | **1 @ 6**<br><br>**1 @ 4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)**<br><br>**26** | **(i)** | Níl an domhandú marbh. B’fhéidir nach bhfuil sé ag fáil bháis fiú. Ach tá sé ag athrú.<br><br>Mínigh an téarma domhandú.<br><br>Is éard is **domhandú** ann an próiseas trína bhfuil an domhan ag éirí níos ceangailte le chéile mar thoradh ar thrádáil agus ar mhalartú cultúrtha a bhfuil méadú mór tagtha orthu.<br><br>Is éard is **domhandú** ann an méadú atá ag teacht ar idirnáisiúnú na margaí le haghaidh earraí agus seirbhísí, ar mhodhanna táirgthe, ar iomaíocht córas airgeadais, ar theicneolaíocht agus ar thionscail.<br><br>Is éard is **domhandú** ann an cumas aon earra nó seirbhís a tháirgeadh in áit ar bith ar domhan, ag baint úsáid as amhábhair srl ó áit ar bith, an t-aschur a bhíonn mar thoradh air sin a dhíol áit ar bith agus brabúis a chur in áit ar bith.<br><br>Comhtháthú idir tíortha / margaí trádála idirnáisiúnta | **6** |
| | **(ii)** | Mínigh dhá chúis le fás an domhandaithe sa dara leath den 20ú haois<br>(i.e. idir 1950 agus 1999).<br><br>**Iompar feabhsaithe -** déanann dul chun cinn iompair taisteal domhanda níos éasca. Mar shampla, tá fás tapa tagtha ar aerthaisteal, rud a chuireann le gluaiseacht níos mó daoine agus earraí ar fud na cruinne. Tá laghdú tagtha ar na costais loingseoireachta freisin, mar gheall ar choimeádánú, ar bhulc-loingseoireacht, ar chuisniú agus ar éifeachtúlachtaí eile. Laghdaíonn costas aonaid níos ísle na dtáirgí loingseoireachta ar fud an domhain praghsanna sa tír mhonaraíochta níos gaire dóibh siúd i margaí easpórtála. Fágann sé sin go bhfuil margaí níos inchoimhlinte ar fud an domhain<br><br>**Teicneolaíocht fheabhsaithe -** laghdaigh athrú teicneolaíochta tapa agus leanúnach an costas a bhaineann le heolas a chur in iúl. Mar thoradh air seo tá fás tagtha ar thrádáil idirnáisiúnta trí dhul chun cinn san idirlíon, sa teicneolaíocht mhóibíleach agus sa ríomhthráchtáil. Tá an réimse seo ag forbairt i gcónaí chun cumarsáid níos fearr a chur ar fáil i bhfíor-am.<br><br>**Méadú ar dhaonra / éilimh mhéadaithe tomhaltóirí** – tá méadú ag teacht ar an daonra rud a chuireann le héileamh méadaithe ar fud an domhain. Mar aon le leibhéil ioncaim atá ag dul in airde tá tomhaltóirí ag éirí níos éilithí ó thaobh rogha táirgí agus seirbhísí agus feasacht mhéadaithe ar ghnólachtaí domhanda<br><br>**Síocháin / téarnamh tar éis an Dara Cogadh Domhanda –** thug an tsíocháin deis do rialtais a dtíortha a atógáil, agus chuidigh comhroinnt eolais agus saothar a bheith ar fáil leis sin. Bhí ar rialtais infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar a dteastaíonn cúnamh idirnáisiúnta uaidh.<br><br>**Tháinig fás ar chomhaontuithe saorthrádála –** an fonn le bheith ag trádáil go hidirnáisiúnta, gan bhacainní.<br>Forbraíodh Limistéir Saorthrádála i.e. Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a chuidigh leis an domhandú.<br><br>**Saothar agus scileanna a bheith ar fáil -** tá go leor cuideachtaí domhanda meallta ag íortha a bhfuil costais saothair níos ísle acu cuir i gcás an India agus Vítneam chun leas a bhaint as na costais ísle táirgthe. | **1 @ 6**<br><br>**1 @ 4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt dhearfach amháin **agus** ar iarmhairt dhiúltach amháin a bhaineann leis an domhandú.<br><br>**Dearfach:**<br><br>**Feabhsaítear roinnt an tsaothair / na fostaíochta -** de réir mar a dhéanann gnó agus tíortha speisialtóireacht tabharfar deis d'oibrithe speisialtóireacht a dhéanamh agus cuideoidh sé le táirgiúlacht a mhéadú. Cruthófar poist agus feabhsófar scileanna.<br><br>**Fás eacnamaíoch** – ba cheart go gcuideodh gnóthachain mar thoradh ar éifeachtúlachtaí le fás eacnamaíoch a mbeadh ioncaim níos airde mar thoradh air. D'fhéadfadh tíortha i mbéal forbartha tairbhe a bhaint as domhandú - cruthaítear fostaíocht agus caighdeán maireachtála níos airde do dhaoine atá ina gcónaí sna ceantair seo.<br><br>**Laghdú ar bhochtaineacht** – Baineann cuid de na tíortha is boichte ar domhan rátaí níos airde d'fhás eacnamaíoch amach agus d'fhéadfadh sé cuidiú le líon na ndaoine atá ag maireachtáil i bhfíorbhochtaineacht a laghdú. Tá dul chun cinn déanta i dtíortha agus an OTI ag dul in airde.<br><br>**Spreagtar nuálaíocht / dul chun cinn TFC** – d'fhéadfadh margaí iomaíocha brabúis mhonaplachta a laghdú agus gnólachtaí a spreagadh chun nuálaíochtaí agus feabhsuithe ar theicneolaíocht a laghdaíonn costais a lorg.<br><br>**Cuirtear borradh faoin iomaíocht / faoi na buntáistí a bhaineann le barainneachtaí scála -** cuireann an domhandú borradh faoin iomaíocht leanúnach idir tíortha ar fud an domhain. Ba cheart do tháirgeoirí speisialtóireachta tairbhe a bhaint as coigilteas costais a d'fhéadfadh praghsanna do thomhaltóirí a laghdú.<br><br>**Éifeachtaí seachtháirge** - cruthaíonn cuideachtaí atá ag feidhmiú ar scála domhanda saibhreas agus cuidíonn siad le hairgeadra coigríche a thabhairt isteach i ngeilleagair áitiúla. Ceannaíonn siad acmhainní agus amhábhair áitiúla freisin lena ngintear tuilleadh gníomhaíochta eacnamaíche.<br><br>**Feabhsuithe ar thrádáil / ar chaidreamh idirnáisiúnta -** Chuidigh an domhandú le bacainní trádála idir tíortha a laghdú trí tharaifí agus dleachtanna ar iompórtálacha a choigeartú. Is féidir smaointe, eispéiris, stíleanna maireachtála agus cultúir nua a roinnt leis, rud a chuireann le caidreamh níos dlúithe idir tíortha. D'fhéadfadh sé rialtais éagsúla a thabhairt le chéile freisin ionas gur féidir leo oibriú le chéile chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach. | **1 @ 6**<br><br>**1 @ 4** |

**Diúltach:**

**Éagothroime / leathnaítear an bhearna idir daoine saibhre agus daoine bochta**
Tá an domhandú nasctha le héagothroime ioncaim agus rachmais atá ag dul in airde. Fianaise ina leith seo is ea ardú ar an gcomhéifeacht Gini agus deighilt tuaithe-uirbeach atá ag fás i dtíortha éagsúla. D'fhéadfadh teannas polaitiúil agus sóisialta agus éagobhsaíocht a bheith mar thoradh air sin.

**Jobanna a athlonnú / Seachfhoinsiú / dúshaothrú**
Chuir roinnt daoine in iúl go bhfuil imní orthu go n-aistreofar infheistíocht chaipitil agus poist in ardgheilleagair chuig tíortha i mbéal forbartha de réir mar a aistríonn gnólachtaí a dtáirgeadh chuig tíortha a bhfuil costais saothair aonaid níos ísle acu. D'fhéadfadh dúshaothrú oibrithe a bheith mar thoradh air sin freisin agus brú ar rialtais cloí le hiarrataí MNCanna ar chóir fhabhrach.

**Méaduithe ar phraghsanna domhanda**
Éileamh láidir ar bhia agus ar fhuinneamh is cúis le hardú géar a bheith tagtha ar phraghsanna tráchtearraí. Chuir boilsciú praghsanna bia na milliúin duine is boichte ar domhan i mbaol mór agus ocras ag tarlú i roinnt tíortha.

**D'fhéadfadh formhór an mhargaidh a bheith ag brandaí domhanda**
D'fhéadfadh an domhandú iomaíocht a chosc má bhíonn gnólachtaí domhanda a bhfuil brandaí ceannasacha agus teicneolaíochtaí níos fearr acu i gceannas ar phríomh-mhargaí idirnáisiúnta bíodh cumarsáid, mótarfheithiclí, TF srl ann. Bíonn gnólachtaí beaga ag fulaingt agus d'fhéadfadh siad imeacht.


**Bagairtí ar an gcomhshaol**
Bagairt mhór fhadtéarmach is ea an tionchar atá ag fás agus forbairt thapa ar an gcomhshaol. Tá bagairtí damáiste d'éiceachórais, do dhíghrádú talún, do dhífhoraoisiú, do chailliúint bithéagsúlachta agus an eagla a bhaineann le ganntanas buan uisce ag cur isteach ar na milliúin duine is leochailí.

**Éagothroime Trádála**
Tá fás tagtha ar thrádáil dhomhanda ach tá fás tagtha ar éagothroime trádála freisin. Tá barrachais ollmhóra trádála á reáchtáil ag roinnt tíortha, agus tá na héagothroime seo ag cruthú teannais agus brúnna chun beartais chosantacha a thabhairt isteach cuir i gcás cineálacha nua rialaithe iompórtálacha.

**Éagobhsaíocht Eacnamaíoch**
Le deich mbliana nó níos mó d'fhás láidir, de rátaí úis ísle, de chreidmheas éasca i dtíortha forbartha, cuireadh borradh faoi phraghsanna scaireanna agus faoi luachálacha réadmhaoine. Bhí deacrachtaí tromchúiseacha ag go leor tíortha ar fud an domhain mar gheall ar thobchliseadh an gheilleagair in 2008, go háirithe ag náisiúin níos boichte & níos leochailí.

**Caighdeánú tráchtearraí / caillteanas cultúir agus féiniúlachta**
Léiríonn lucht cáinte an domhandaithe go gcailltear éagsúlacht eacnamaíoch agus chultúrtha de réir mar a bhíonn gnólachtaí ollmhóra agus brandaí domhanda ceannasach ar mhargaí intíre in go leor tíortha. Deir cuid acu go bhfuil sainiúlacht aonair an chultúir agus na féiniúlachta faoi bhagairt.

**Caillteanas neamhthuilleamaíochta**
D'fhéadfadh tíortha a bheith ag brath ar thrádáil agus cuirtear táirgeadh intíre faoi bhagairt mar gheall ar chostais táirgthe níos airde. Má thagann deireadh leis an táirgeadh seo, seans nach mbeidh an tír neamhthuilleamaíoch.


| (c) | | Taispeántar sa léaráid thíos fáltais na Cánach Corparáide in Éirinn idir 2011 agus 2021. | |
|---|---|---|---|
| 21 | |  | |
| | (i) | Tabhair breac-chuntas ar an treocht fhoriomlán i bhfáltais na cánach corparáide mar a thaispeántar sa léaráid thuas. Úsáid sonraí ón líneghraf thuas agus mínigh cúis leis an treocht seo.<br><br>Treocht:<br>• Tá fáltais chánach corparáide na hÉireann **ag méadú** go seasta bliain i ndiaidh bliana.<br>• Idir 2011 agus 2022 tá méadú €19,123 milliún tagtha orthu nó tá méadú os cionn 543% tagtha orthu.<br>• Bhí an méadú is mó ann ó 2021 go dtí 2022 nuair a tháinig méadú orthu ó €15,324 milliún go dtí €22,643 milliún.<br><br>Míniú:<br>• Tá an méadú seo mar gheall ar an bhfeidhmíocht láidir atá ag go leor cuideachtaí ilnáisiúnta atá lonnaithe in Éirinn go príomha mar gheall ar MNCanna nua a bheith seolta suas in Éirinn.<br>• Ráta cánach corparáide na hÉireann a bheith ag 12.5% arb é an ráta is ísle riamh é ó bhí 1998 ann. | **8**<br>**2 @ 4** |
| | | Tá sé riachtanach go n-úsáidfidh an rialtas na barrachais bhuiséid go ciallmhar.<br>Arna chur in oiriúint ó gov.ie | |
| | (ii) | Mínigh an téarma **barrachas buiséid reatha an rialtais.**<br><br>Tarlaíonn barrachas buiséid reatha rialtais nuair is mó ioncam reatha an rialtais ná caiteachas reatha an rialtais. | **7** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt eacnamaíochta dhearfach fhéideartha amháin **agus** ar iarmhairt eacnamaíochta dhiúltach fhéideartha amháin de bharrachas buiséid a bheith ag Rialtas.<br><br>**Dearfach:**<br><br>**Bainistíocht stuama ar an ngeilleagar -** Nuair a bhíonn tír de shíor i bhfiacha, bíonn sí ag caitheamh go leor airgid chun an t-ús a íoc ar an méid atá dlite di. Fiú agus rátaí úis a bheith íseal, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina ábhar mór imní, ach is féidir easnamh mór buiséid a bheith neamh-inbhuanaithe go luath nuair a théann rátaí úis in airde. Trí fhiachas a íoc síos agus barrachas buiséid a oibriú, féadfaidh an tír na híocaíochtaí úis costasacha sin a laghdú nó deireadh a chur leo fiú. Cuireann sé seo an rialtas ar bhonn airgeadais níos sláine amach anseo.<br><br>**D'fhéadfadh sé cuidiú le boilsciú a mhaolú** – má tá an rialtas ag caitheamh níos lú airgid d'fhéadfadh sé cuidiú le boilsciú tarraingthe éilimh a laghdú laistigh den gheilleagar.<br><br>**Ciste Rachmais a chruthú amach anseo** – féadfaidh an rialtas an barrachas ioncaim seo a úsáid chun féachaint chuige go 'seasfaidh' a chuid airgeadais trí chiste den sórt sin a chruthú chun ullmhú do chontúirtí do gheilleagar na hÉireann amach anseo.<br><br>**Úsáidí barrachas buiséid amach anseo a phleanáil** – leis na barrachais seo bíonn roghanna ag an rialtas maidir leis an mbealach is fearr leis an airgead seo a úsáid amach anseo: cuidiú leis an bhfiach náisiúnta a aisíoc; soláthar a dhéanamh do leas sóisialach / athchóiriú cánach; feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí stáit.<br><br>**Diúltach:**<br><br>**Éilimh phá -** nuair a fheiceann oibrithe na hearnála poiblí barrachas buiséid b'fhéidir go bhfeicfidís é mar dheis le haghaidh idirbheartaíochta pá. Dá bhrí sin, féadfaidh oibrithe agus ceardchumainn méaduithe pá agus /nó méadú ar leibhéal an lucht saothair a éileamh.<br><br>**Tionchar ar fhás** - Má tá níos mó airgid á thabhairt isteach ag an rialtas ná mar atá á chaitheamh aige, is sileadh glan ón sreabhadh ciorclach ioncaim é seo a bhféadfadh tionchar díbhoilscitheach a bheith aige ar an OTI a mbíonn tionchar diúltach aige ar fhás.<br><br>**Soláthar Seirbhísí Poiblí** - má tá an barrachas buiséid mar thoradh ar laghdú ar chaiteachas an rialtais, d'fhéadfaí titim nó laghdú a bheith tagtha ar chaighdeán na seirbhísí poiblí.<br><br>**Méadú ar ionchais chontrártha -** nuair a bhreathnaíonn saoránaigh ar an mbarrachas buiséid d'fhéadfaidís feabhsuithe ar sheirbhísí stáit a éileamh m.sh. seirbhísí sláinte, soláthar oideachais srl.<br><br>**Díbhoilsciú** - d'fhéadfadh díbhoilsciú a bheith mar thoradh ar aistriú ó easnamh buiséid go barrachas buiséid. Is é is cúis leis sin go mbeadh tionchar diúltach ag barrachas buiséid ar an éileamh comhiomlán.<br><br>**Deischostais barrachais -** d'fhéadfadh sé go bhfágfadh an barrachas buiséid nach bhfuil airgead an stáit á úsáid go ciallmhar chun 'brúphointí' a mhaolú laistigh den tsochaí i.e. cúram faoisimh a sholáthar; CRSanna; laghdú ar liostaí feithimh ospidéil srl. | <br><br><br><br>**1 @ 3**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**1 @ 3** |

| Ceist 14 | | | |
|---|---|---|---|
| | | **Freagraí Féideartha** | |
| **(a)**<br>**21** | **(i)** | Tá a lán bialann sa mhargadh i ngeilleagar na hÉireann. Is sampla é seo d'iomaíocht mhonaplach. Tabhair breac-chuntas ar thrí shaintréith (seachas a lán díoltóirí) de ghnólacht atá ag feidhmiú in **iomaíocht mhonaplach.**<br><br>**Tá go leor ceannaitheoirí ann -** ní féidir le custaiméir aonair, trína ngníomhartha féin, tionchar a bheith aige ar phraghas margaidh an bhia atá ar fáil ag an mbialann.<br><br>**Féachann gach gnólacht le brabúis a uasmhéadú -** is é aidhm gach cuideachta brabúis a uasmhéadú, chun é seo a dhéanamh táirgeann siad an chainníocht le MC = MR<br><br>**Saoirse iontrála agus imeachta -** níl aon bhacainní ar iontráil ann i dtionscal na bialainne. Is féidir le hasraonta dul isteach agus imeacht as an tionscal de réir mar is mian leo.<br><br>**Eolas réasúnta maidir le brabúis -** glactar leis go bhfuil eolas réasúnta ag gach duine maidir leis na brabúis a dhéanann gnólachtaí eile, tá eolas réasúnta ag tomhaltóirí ar na praghsanna atá á ngearradh.<br><br>**Is ann do dhifreáil táirgí -** ní hionann na bianna/ béilí atá ar fáil ón iliomad bialann ach d'fhéadfadh siad a bheith ina ndlúththáirgí ionaid. Féadfaidh gnólachtaí fógraíocht agus tairiscintí speisialta a úsáid chun tomhaltóirí a mhealladh i.e. Rogha Tús Oíche. | **3 @ 5** |
| | **(ii)** | Cuireann gnólachtaí a fheidhmíonn in iomaíocht mhonaplach acmhainní amú.<br>An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas seo? Cuir tic sa bhosca ábhartha thíos chun do rogha a chur in iúl agus cosain do rogha.<br><br>**AONTAÍM:**<br><br>Ní tháirgeann sé ag an bpointe is ísle den mheánchostas, mar sin níl a chostais á n-íoslaghdú aige.<br>D'fhéadfadh sé seo a bheith mar gheall ar chaiteachas an ghnólachta ar fhógraíocht a tháirgí *nó* cainníocht leordhóthanach gan a bheith á táirgeadh ag an ngnólacht chun tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála.<br><br>**EASAONTAÍM:**<br><br>Má infheistíonn gnólacht i nuálaíocht agus má mhéadaíonn sé díolacháin ní fhéadfar é a mheas mar dhramhaíl,<br>m.sh. le hinfheistíocht Apple tá buntáiste ag an gcomhlacht nach mbeadh aige gan a leithéid de chaiteachas. | **1 @ 6** |

**(b)** **(i)** Mínigh, le cuidiú léaráide lánlipéadaithe (na haiseanna san áireamh), cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá ag feidhmiú in **iomaíocht mhonaplach.**

**26**




Léaráid:

| Praghas ais | P | C | C | Líon ais | II/ MR | AR | AC | CI/ MC | E | T nó • | A |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

**12 (12 x 1)**

1. Cothromaíocht:
   - Tarlaíonn sé ag pointe E i gcás
   - MC = MR (agus tá MC ag dul in airde ar ráta níos tapa)
2. Aschur:
   - Táirgeann an gnólacht $C_1$.
3. Praghas:
   Is é P  an praghas a ghearrtar.
4. Costas:
   - Léirítear costais nó táirgeacht ag pointe C .
5. Brabús:
   - Tá gnáthbhrabús á thuilleamh ag an ngnólacht
   - mar AR = AC.
6. Acmhainní ganna:
   - Tá an gnólacht ag cur acmhainní ganna amú / níl sé éifeachtúil
   - toisc nach bhfuil siad ag táirgeadh ag an bpointe is ísle den AC.

**9**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (ii) | Tabhair breac-chuntas ar **bhuntáiste eacnamaíochta** fhéideartha amháin do thomhaltóirí de bharr margaí ina bhfuil iomaíocht mhonaplach.<br><br>**Baineann tomhaltóirí tairbhe as rogha mhéadaithe -** cruthaíonn difreáil éagsúlacht earraí do thomhaltóirí agus baineann siad tairbhe as rogha níos mó a bheith acu / praghsanna a d'fhéadfadh a bheith níos ísle.<br><br>**Rochtain ar eolas** - toisc go mbíonn gnólachtaí sa tionscal seo i mbun fógraíochta iomaíoch, d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil sé de bhuntáiste ag tomhaltóirí fáil a bheith acu ar níos mó faisnéise / d'fhéadfadh fáil a bheith ag tomhaltóirí ar bhónais dílseachta branda.<br><br>**Gnáthbhrabús** - toisc go dtuilleadh gnólachtaí gnáthbhrabús san fhadtréimhse, is lú an seans go rachfar i dtír ar thomhaltóirí le praghsanna níos airde.<br><br>**Cáilíocht mhéadaithe seirbhísí** - mar gheall ar iomaíocht, d'fhéadfadh níos mó nuálaíochta / iomaíochta a bheith ann laistigh den tionscal. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh tomhaltóirí tairbhe a bhaint as caighdeán seirbhíse / táirge níos fearr. | **1 @ 5** |
| **(c)**<br><br>**28** | | Chosain Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh, Christine Lagarde, na méaduithe ar an ráta úis a rinne an BCE in 2022/2023 agus dúirt sí gur thuig sí gur ualach ar roinnt daoine iad na méaduithe ar an ráta úis. Arna chur in oiriúint ó RTÉ.ie | |
| | (i) | Mínigh tionchar eacnamaíochta amháin atá ag na méaduithe seo sa ráta úis ar **gach** ceann díobh seo a leanas:<br><br><u>Leibhéal caiteachais tomhaltóirí:</u><br><br>**Caiteachas laghdaithe** - bíonn tionchar ag rátaí úis atá ag dul in airde ar chaiteachas toisc go dtéann an costas a bhaineann le hairgead a fháil ar iasacht suas. Mar sin, má tá morgáiste, aon chineál cárta creidmheasa nó iasacht agat, d'fhéadfá a bheith ag íoc níos mó as an airgead a fuair tú ar iasacht ar dtús. Fágfaidh sé sin go bhfuil níos lú airgid agat gan dabht le caitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí.<br><br>**Leibhéal laghdaithe i muinín tomhaltóirí** – d'fhéadfadh eagla a bheith ar thomhaltóirí faoin todhchaí agus mar sin d'fhéadfaí go ndéanfaidís a gcaiteachas reatha a laghdú / caiteachas a chur siar go dtí uair éigin amach anseo / tá dreasacht níos mó ann chun airgead a shábháil.<br><br><u>An costas ar fhónamh ar an bhfiachas náisiúnta:</u><br><br>**Íocaíochtaí úis méadaithe -** is cúis imní iad rátaí úis maidir le hinbhuanaitheacht fiachais rialtais go háirithe i dtíortha a bhfuil fiachas poiblí ard acu. De réir mar a théann na rátaí úis in airde, téann an costas iasachtaíochta in airde freisin, rud a fhágann nach mór don rialtas níos mó dá acmhainní ganna a leithdháileadh chun an fiachas náisiúnta a aisíoc.<br><br>**Gan aon éifeacht a bheith ar fhiachas** - arna shocrú i gcás nach mbaineann aon mhéaduithe ar an ráta úis leis an gcuid seo den fhiach náisiúnta. | **2 @ 4** |
| | (ii) | Ríomh an **fíor-ráta** úis más é 2.25% an ráta úis ainmniúil a bhí ann agus más é 5.5% an ráta boilscithe a bhí ann. **Taispeáin do chuid oibre.**<br><br>Ráta úis ainmniúil – Ráta boilscithe = Fíor-ráta úis<br>2.25% – 5.50% = **- 3.25%**<br><br>*(- 1 as % a fhágáil ar lár)* | **8** |


| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Tá fás tagtha go gasta in Éirinn le blianta beaga anuas ar líon na ndaoine atá ag úsáid na seirbhísí a thairgeann na Nuabhainc agus na bainc Dhúshláin, amhail Revolut agus N26.<br>Arna chur in oiriúint ó Nuacht RTÉ<br><br>Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil an oiread sin daoine in Éirinn tar éis dul le cuntais bhainc, amhail Revolut, atá digiteach amháin.<br><br>**Áisiúlacht** - tá aistrithe airgid níos áisiúla agus níos tapúla ná mar atá leis na bainc traidisiúnta. Is féidir billí a roinnt ag baint úsáid as Revolut. Is féidir airgead a sheoladh agus a fháil in 29 airgeadra. Cuirtear na haistrithe i gcrích láithreach beag beann ar cén áit ar domhan a bhfuil na tomhaltóirí lonnaithe inti.<br><br>**Seirbhísí breise** - Is minic a dhéanann nuabhainc seirbhísí nach bhfuil ag na bainc traidisiúnta a sholáthar cuir i gcás infheistiú ar an stocmhargadh, infheistiú i gcriptea-airgeadraí srl. Chuidigh sé seo le 'hinfheisteoirí caithimh aimsire' a mhealladh. Féadfaidh sé árachas fón póca agus leighis thar lear a sholáthar.<br><br>**Folús i margadh baincéireachta na hÉireann** - d'fhág imeacht bhanc Uladh agus KBC Bank folús i margadh baincéireachta na hÉireann agus i gcás roinnt custaiméirí níos óige tá an folús sin líonta ag na nuabhainc.<br><br>**Baincéireacht níos saoire** – Is iondúil go mbíonn níos lú táillí agus muirear ag nuabhainc i gcomparáid le bainc thraidisiúnta de bharr nach bhfuil áitreabh atá suite i bhfoirgneamh acu. Is iondúil go mbíonn aistriú airgid saor in aisce.<br><br>**Rátaí úis níos airde ar choigilteas** – Cuireann cuid de na Nuabhainc rátaí úis níos airde ar choigilteas ar fáil ná mar a chuireann na bainc thraidisiúnta ar fáil anois. | **2 @ 6** |

## Ceist 15

**Freagraí Féideartha**

**(a)** Taispeántar sa chairt thíos an méadú ar aisíocaíochtaí fiach sna $bn i dTíortha Tearcfhorbartha (TTF) in 2016 agus in 2022.

23




Arna chur in oiriúint ó UNCTAD.org

**(i)** Ríomh an méadú céatadánach sa treocht thuas ar an aisíocaíocht fiachais idir 2016 agus 2022. **Taispeáin do chuid oibre.** **8**

$43 - $22 = $21

$$\frac{21}{22} \times 100 = 95.45\%$$

*(- 1 as % a fhágáil ar lár)*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bheart amháin a d'**fhéadfadh rialtais** tíortha **forbartha** a dhéanamh chun cuidiú le géarchéim an fhiachais sna TTFanna a réiteach. **5**

**Deireadh a chur leis an bhfiach gan íoc -** is é an bealach is tapa agus is simplí chun an ghéarchéim fiachais a réiteach ná fiacha na dtíortha seo atá ann cheana a 'dhíscríobh' agus tosú as an nua.

**Cuidiú le hathstruchtúrú fiacha náisiúnta** - má dhéantar fiacha náisiúnta na dtíortha sin a athstruchtúrú, bheadh níos mó cistí ar fáil do na tíortha sin le húsáid le haghaidh forbairt eacnamaíoch ina dtíortha féin. Trí fhad a chur leis an tréimhse aisíocaíochta is féidir leis na tíortha sin níos mó dá gcistí a choinneáil chun caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú. Lig do LDCanna fad na tréimhse aisíocaíochta a shíneadh, rud a chuirfidh ar a gcumas aisíoc a dhéanamh ag am níos oiriúnaí dóibh.

**Na haisíocaíochtaí úis bliantúla a laghdú –** socraigh leis na gníomhaireachtaí iasachta na rátaí úis idirbheartaithe ar na fiacha a laghdú. Cuideoidh sé seo le haisíocaíochtaí bliantúla a laghdú.

**Cúnamh airgeadais / cúnamh oifigiúil forbartha a chur ar fáil**- is féidir le rialtais cabhair a chur ar fáil do na LDCanna ionas gur féidir leo cuidiú freisin le bonneagair a fhorbairt, oideachas a chur ar fáil, sláinte a fheabhsú ionas gur féidir leis an tír fás eacnamaíoch a chur chun cinn agus ioncaim a mhéadú, rud a chuirfidh ar chumas na LDCanna na fiacha a aisíoc san fhadtéarma.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (iii) | Mínigh dhá chúis go mb'fhéidir nach mbíonn an cúnamh airgeadais a thugtar do TTFanna i gcónaí ina chuidiú chun na deacrachtaí atá ag an TTF a réiteach.<br><br>**Féadfaidh tíortha / saoránaigh a bheith ag brath an iomarca ar an gcabhair airgeadais / ar an gcabhair bhia –**<br>I roinnt LDCanna, d'fhéadfadh cultúr spleáchais forbairt agus d'fhéadfadh sé seo a bheith ina bhac mór maidir le fás agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn. D'fhéadfadh an cultúr spleáchais seo laghdú a chur ar an dúil atá ag daoine a bheith ag obair / a bheith ina bhfiontraithe / táirgeadh bia intíre a mhéadú. Uaireanta is féidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha eachtracha srian a chur ar thionscal dúchasach trína gcabhair shaor in aisce.<br><br>**Dáileadh míchothrom sochar -** d'fhéadfadh aon chabhair a thugtar do LDCanna dul d'uasaicme bheag. I gcás roinnt LDCanna b'fhéidir nach sroichfidh an chabhair na daoine a bhfuil sí ag teastáil uathu i ndáiríre.<br><br>**D'fhéadfaí cabhair airgeadais a 'cheangal' -** d'fhéadfadh 'cabhair cheangailte' a bheith i gcuid den chabhair, bunaithe ar thosca polaitiúla agus trádála seachas ar riachtanas. Dá bhrí sin, níl an chabhair á húsáid chun na gcríoch dár ceapadh í.<br><br>**Úsáidtear cabhair chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail iomráiteacha -** i roinnt LDCanna, bonneagar leordhóthanach a sholáthar mar aon le scéimeanna draenála agus uisciú talún, bóithre, tithíocht, monarchana agus saoráidí cumarsáide a d'fhéadfadh a bheith seachanta i bhfabhar tionscadail 'iomráiteacha' chun aimhleasa na saoránach.<br><br>**Maoirseacht neamhleor ag na deontóirí** – mura mbunaíonn na deontóirí critéir go bhfuil an chabhair á húsáid go héifeachtach, ní fhéadfar an chabhair a fhaightear a úsáid go héifeachtúil ná na tairbhí uasta a bhaint amach. | **1 @ 6**<br><br>**1 @ 4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)** **22** | | In 2022, rangaigh an IFB (an Institiúid um Fhorbairt Bainistíochta) Éire mar an tríú tír is iomaíche i limistéar an euro. Arna chur in oiriúint ó competitiveness.ie. | |
| | **(i)** | Mol dhá bheart eacnamaíochta a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a chur i bhfeidhm chun leanúint leis an bhfeabhsú ar iomaíochas gnólachtaí in Éirinn.<br><br>**Cánachas a laghdú -** chuideodh laghdú ar chánacha indíreacha, m.sh. CBL nó dleacht mháil ar bhreosla nó ar amhábhair le costais a laghdú do ghnólachtaí beaga. D'fhéadfadh laghdú ar cháin ioncaim cuidiú le dul i ngleic leis an mbís pá / praghais reatha, rud a chuideoidh le gnólachtaí a gcostais a laghdú.<br><br>**Fóirdheontais do ghnólachtaí maidir le costais fuinnimh -** trí fhóirdheontas a thabhairt do na costais arda fuinnimh atá ann faoi láthair, d'fhéadfadh laghdú teacht ar chostais ghnólachta agus d'fhéadfadh sé a bheith níos iomaíche.<br><br>**Leanúint d'infheistíocht dhíreach choigríche a chur chun cinn -** tá Éire fós ina mol móréilimh d'infheistíocht dhíreach choigríche. Bíonn go leor buntáistí leis an infheistíocht seo inár ngeilleagar cuir i gcás eolas nua, scileanna agus dul chun cinn teicneolaíochta a fheabhsaíonn cumas táirgiúil gheilleagar na hÉireann. Cuidíonn sé le buntáiste iomaíoch a thabhairt d'Éirinn.<br><br>**Infhaighteacht agus inacmhainneacht cóiríochta a mhéadú -** laghdaíonn an margadh tithíochta mífheidhmiúil i gceantair forbartha bonneagair soghluaisteacht an tsaothair i gceantair ina bhfuil gá le fostaithe chun cumas táirgthe na hÉireann a choinneáil.<br><br>**Níos mó infheistíochta i mbonneagar -** d'fhéadfadh an rialtas níos mó acmhainní a infheistiú i rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda ar fud na tíre mar is ábhar imní iomaíochais é seo i gcónaí. Tá leathanbhanda iontaofa, ardluais riachtanach chun tarraingteacht na gceantar réigiúnach le haghaidh infheistíochta a mhéadú.<br><br>**Costais a laghdú do ghnólachtaí** – d'fhéadfadh an rialtas srian a chur ar a rannpháirtíocht sa mhargadh m.sh. ÁSPC a laghdú d'fhostóirí; méaduithe ar phá íosta a chur siar; athruithe ar theidlíocht saoire bhreoiteachta; 'rollú pinsean uathoibríoch' a chur ar athló – is í an éifeacht atá acu seo costais a mhéadú agus iomaíochas a laghdú. | **2 @ 4** |
| | **(ii)** | Le bliain anuas, tá luach dhollar na Stát Aontaithe ($) i ndiaidh méadú i gcoinne an euro (€). Tabhair breac-chuntas ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an **méadú seo ar luach dhollar na Stát Aontaithe** ar gach ceann díobh seo a leanas:<br><br>**Easpórtálacha na hÉireann go dtí na Stáit Aontaithe**<br>Ba cheart go dtiocfadh méadú ar easpórtálacha na hÉireann - tá easpórtálacha na hÉireann níos saoire lena gceannach sna Stáit Aontaithe anois agus mar sin ba cheart go dtiocfadh méadú ar an éileamh ar a n-aschur ag gnólachtaí a bhíonn ag easpórtáil isteach na Stáit Aontaithe.<br><br>agus<br><br>**Iompórtálacha na hÉireann ó na Stáit Aontaithe.**<br>Ba cheart go dtiocfadh laghdú ar iompórtálacha na hÉireann ó na Stáit Aontaithe - beidh ar mhuintir na hÉireann atá ag ceannach earraí sna Stáit Aontaithe níos mó a íoc ná mar a d'íoc siad sular tháinig méadú ar luach an dollair. | **2 @ 5** |
| | **(iii)** | Dá dtiocfadh meath ar an iomaíochas in Éirinn d'fhéadfadh sin an baol a mhéadú go mbeadh cúlú eacnamaíochta in Éirinn. Mínigh an téarma **cúlú eacnamaíochta.**<br><br>Is éard is cúlú eacnamaíochta ann ná nuair a bhíonn dhá cheathrú as a chéile d'fhás diúltach sa gheilleagar, arna thomhas de réir OTI. | **4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br>**30** | **(i)** | In 2023 cheiliúir Éire 50 bliain dá ballraíocht san AE. Tá tíortha eile, an Úcráin agus an Mholdóiv, mar shampla, ag iarraidh dul isteach san AE.<br>Tabhair dhá chúis a dteastaíonn ó thíortha dul isteach san AE.<br><br>**Rochtain ar an margadh aonair -** is é an margadh aonair príomh-inneall eacnamaíoch an AE. Is féidir leis an gcuid is mó d'earraí, seirbhísí, airgead agus daoine gluaiseacht faoi shaoirse ar fud an chuid is mó den mhór-roinn leis. Is é an AE an bloc trádála is mó ar domhan. Is é an t-easpórtálaí is mó ar domhan é d'earraí agus seirbhísí monaraithe, agus an margadh iompórtála is mó le haghaidh os cionn 100 tír. Is togra tarraingteach é seo do ghnólachtaí dúchasacha a mbeadh margadh níos mó acu dá dtáirge.<br><br>**Éascaíocht gluaiseachta / taistil / oibre** – le ballraíocht san AE, tá sé i bhfad níos éasca taisteal timpeall na hEorpa – tá sé de cheart ag saoránaigh uile an AE staidéar, obair nó dul ar scor in aon tír AE. Mar náisiúnach AE, chun críocha fostaíochta, slándála sóisialta agus cánach, ceanglaítear ar gach tír AE caitheamh leat go díreach mar an gcéanna lena saoránaigh féin.<br><br>**Cearta saoránach a sholáthar agus a chosaint -** Tugann an Conradh ar an Aontas Eorpach réimse leathan ceart do shaoránaigh agus do chónaitheoirí dlíthiúla an AE, arna achtú i ndlí an AE thar go leor réimsí.<br><br>**Rochtain ar chistí airgeadais/ feabhsuithe ar chaighdeán maireachtála** – is gnách do bhaill nua den AE cistí a fháil chun cur ar chumas baill nua cuidiú lena mbonneagar a fhorbairt agus seirbhísí atá inchomparáide le baill sheanbhunaithe a sholáthar. Ba cheart caighdeán maireachtála na saoránach a fheabhsú leis sin.<br><br>**Taidhleoireacht & forbairt idirnáisiúnta -** Tá guth i bhfad níos mó ag tíortha AE atá ag gníomhú i gcomhar le chéile ar stáitse an domhain ná 27 náisiún de mhéideanna éagsúla ag gníomhú ar leithligh. Le chéile, is iad institiúidí an AE agus rialtais náisiúnta príomh-dheontóir an domhain maidir le cúnamh forbartha agus oibríonn siad le chéile chun dea-rialachas a chur chun cinn, dul i ngleic le hocras agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú.<br><br>**Sochaí / struchtúir dhaonlathacha -** Tá an Mholdóiv ag iarraidh ballraíocht AE ar go leor cúiseanna ach faoi láthair is cúis mhór í cosaint i gcoinne bagairt a d'fhéadfadh a bheith ann ón Rúis agus óna réimeas údarásaíoch. | **1 @ 6**<br><br>**1 @ 4** |


| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | De réir na gníomhaireachta Eorpaí Eurostat, is in Éirinn atá an dara ráta is airde murtall san Aontas Eorpach. Tá 26% den daonra fásta rangaithe mar dhaoine murtallacha.<br><br>Mínigh beart eacnamaíochta amháin **agus** beart sóisialta amháin a d'fhéadfadh cuidiú le leibhéal an mhurtaill in Éirinn a laghdú dá gcuirfí i bhfeidhm iad.<br><br>**Beart eacnamaíochta**<br><br>**Cáin siúcra a mhéadú –** tríd an gcáin siúcra a mhéadú, déanfar deochanna siúcraithe níos costasaí fós & ba cheart go mbeadh sé d'éifeacht aige seo an t-éileamh ar na deochanna díobhálacha seo a ísliú.<br><br>**CBL a mhéadú ar tháirgí a bhfuil go leor calraí iontu** – méadóidh sé seo a bpraghas agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sé mar éifeacht aige tomhaltas a laghdú.<br><br>**Beart sóisialta**<br><br>**Eolas feabhsaithe ón rialtas / ó ghníomhaireachtaí stáit** – d'fhéadfaí go n-áireofaí leis seo eolas faoi chalraí atá le taispeáint i mbialanna gasta agus i mbialanna. D'fhéadfaí go n-éascódh sé sin cinnteoireacht níos fearr ag tomhaltóirí a mbeadh tomhaltas laghdaithe bianna a bhfuil go leor saille / siúcra iontu mar thoradh orthu. Eolas a dhíriú orthu siúd a mheastar a bheith i mbaol chun cuidiú le cinnteoireacht.<br><br>**Bonneagar sóisialta feabhsaithe -** d'fhéadfadh níos mó siúlbhealaí, cosáin rothaíochta, glasbhealaí srl. stíl mhaireachtála níos gníomhaí a spreagadh agus cuidiú le murtall a laghdú.<br><br>**'Limistéir nach cead bia a fhriochadh iontu' -** cosc ar asraonta mearbhia a bhunú in aice le gach scoil sa tír d'fhonn díol mearbhia do dhaltaí scoile a laghdú.<br><br>**Cosc a chur ar mheaisíní díola i scoileanna / coláistí -** d'fhéadfadh sé seo cuidiú le tomhaltas bianna a bhfuil cion ard calraí iontu a laghdú.<br><br>**Rochtain ar hallaí spóirt/ Corpoideachas i ngach scoil** – d'fhéadfadh sé seo níos mó rannpháirtíochta a spreagadh ag daltaí de gach aois; cuidiú le srian a chur ar an titim amach ag cailíní i spóirt; feabhas a chur ar aclaíocht choirp. | **1 @ 6**<br><br>**1 @ 4** |
| | **(iii)** | D'éirigh le Amazon cead pleanála a fháil do dhá lárionad sonraí nua i mBaile Átha Cliath d'ainneoin agóidí ó ghrúpaí comhshaoil. (Is é atá in ionad sonraí, áit chianda ina mbíonn a lán freastalaithe a úsáidtear chun eolas a stóráil, a phróiseáil agus a dháileadh).<br>Arna chur in oiriúint ó independent.ie<br><br>Pléigh dhá **iarmhairt dhiúltacha** a d'fhéadfadh a bheith ann do gheilleagar na hÉireann de bharr na lárionad sonraí seo a bheith á lonnú in Éirinn.<br><br>**Soláthairtí fuinnimh –** Úsáideann ionaid sonraí cuid mhór de leictreachas na tíre. Tá rabhadh tugtha ag an oibreoir eangaí náisiúnta Eirgrid go bhféadfadh easnamh leictreachais a bheith i ndán don Stát mura méadaítear an soláthar.<br><br>**Tionchar ar an gcomhshaol** – Is ionann lárionaid sonraí agus sciar mór d'astaíochtaí carbóin na hÉireann mar go bhfuil siad á gcumhachtú faoi láthair ag breoslaí iontaise (gás den chuid is mó).<br><br>**Uisce** – Is féidir le hionad amháin suas le 500,000 lítear uisce a úsáid in aghaidh an lae chun a chórais a fhuarú agus is féidir é seo a mhéadú go suntasach le linn tonn teasa.<br><br>**Éileamh méadaithe talún -** laghdóidh a suíomh an talamh atá ar fáil chun tithíocht a sholáthar agus d'fhéadfadh tionchar boilscitheach a bheith acu ar phraghsanna talún.<br><br>**Ganntanas saothair oilte** – tá ganntanas saothair oilte os comhair na hÉireann agus is féidir lena suíomh na ganntanais seo a ghéarú agus rátaí pá a ardú chun oibrithe a mhealladh. | **1 @ 6**<br><br>**1 @ 4** |

## Ceist 16

**Freagraí Féideartha**

**(a)** **20**

Tá 12,827 duine atá ag fanacht i gcóiríocht éigeandála in Éirinn ag tabhairt aghaidh ar 2024 gan dídean.




**(i)** Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis leis an méadú ar líon na ndaoine gan dídean in Éirinn. **1 @ 6**

**1 @ 4**

**Éileamh méadaitheach ar thithíocht -** tá daonra na hÉireann tar éis fás go dtí os cionn cúig mhilliún duine de réir Dhaonáireamh 2022. Cuireann sé seo níos mó brú orthu siúd atá ag iarraidh teach a cheannach nó a fháil ar cíos. Mar gheall ar an méadú ar imirce ghlan na hÉireann, tá méadú tagtha ar an éileamh freisin.

**Soláthar íseal cóiríochta ar cíos inacmhainne -** ciallaíonn margadh tithíochta mífheidhmiúil na hÉireann nach bhfuil mórán réadmhaoine ar cíos ar an margadh agus iad siúd atá ar fáil go minic níos mó ná forlíontaí cíosa rialtais, mar sin níl siad inacmhainne. Tá go leor tiarnaí talún ag fágáil an mhargaidh freisin, rud atá ag cur leis an bhfadhb seo.

**An cosc ar dhíshealbhú a ardú –** vótáil an rialtas chun deireadh a chur leis an gcosc ar dhíshealbhú a bhí i bhfeidhm le linn COVID-19 agus chuir sé seo iallach ar roinnt daoine a gcóiríocht ar cíos a chailleadh agus a bheith gan dídean.

**Saincheisteanna soláthair -** Mar thoradh ar COVID-19 dúnadh láithreáin tógála agus chuaigh sé seo i bhfeidhm ar thógáil tithe nua. Tá deacracht ag Éirinn maidir le líon na n-oibrithe i dtionscal na gceirdeanna / na tógála. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh saincheisteanna pleanála freisin go dtógfadh sé go leor ama dul ón gcéim phleanála go dtí tithe a thógáil i ndáiríre.

**Tosca pearsanta** – roinnt daoine a bhfuil andúilí acu, a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, a chlis a dteaghlach srl., - d’fhéadfadh siad an baile a fhágáil agus a bheith gan dídean mar gheall ar an easpa cóiríocht éigeandála / maoin leordhóthanach ar cíos slr.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Tógadh breis agus 7,400 aonad tithíochta sóisialta nua in 2022.<br><br>Pléigh dhá bhuntáiste leis an gcaiteachas ar thithíocht shóisialta a mhéadú, seachas a bheith ag cuidiú le líon na ndaoine gan dídean a laghdú.<br><br>**Caiteachas laghdaithe rialtais ar chóiríocht éigeandála -** má tá daoine i gcóiríocht bhuan ba cheart go bhfágfadh sé sin go gcaithfidh an rialtas níos lú airgid ar chóiríocht éigeandála a sholáthar.<br><br>**Athbheochan pobal áitiúil -** déanfar athbheochan ar cheantair ina dtógtar tithíocht shóisialta, ba cheart go gcuideodh sé le comharsanachtaí anacair agus le caighdeán an tsaoil sna ceantair sin a fheabhsú.<br><br>**Buntáistí eacnamaíocha do phobail áitiúla -** ba cheart go mbeadh caiteachas méadaithe sna pobail sin mar thoradh ar an méadú ar an daonra i gceantair ina gcuirtear an tithíocht shóisialta i gcrích, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí deiseanna fostaíochta a bheith i ngnólachtaí áitiúla.<br><br>**Níos lú brú ar mhargadh na réadmhaoine príobháidí -** ba cheart go dtiocfadh laghdú ar an ngá atá le cóiríocht ar cíos mar thoradh ar mhéadú ar chóiríocht bhuan, go laghdófaí an t-éileamh sa mhargadh réadmhaoine príobháidí agus go mbeadh tionchar dearfach aige ar phraghsanna / chíosanna tithe.<br><br>**Cuirfear borradh faoi fhostaíocht sna hearnálacha tógála & gaolmhara -** gníomhaíocht agus fostaíocht san earnáil tógála. Beidh méadú ar an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí a bhaineann leis an tionscal tógála, rud a rachaidh chun tairbhe do sholáthraithe na n-earraí agus na seirbhísí seo.<br><br>**Fás eacnamaíoch & airgeadas rialtais** – ba cheart go gcuideodh gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe le fás eacnamaíoch agus go mbeadh tionchar dearfach aici ar airgeadas rialtais: fáltais mhéadaithe ÍMAT agus CBL don státchiste mar gheall ar ghníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe sa tionscal tógála atá dian ar shaothar. | **1 @ 6**<br><br>**1 @ 4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)** <br> **27** | **(i)** | Mínigh an téarma ioncamleaisteachas an éilimh.<br><br>Tomhaiseann sé seo an céatadán/an t-athrú comhréireach ar an gcainníocht a éilítear earra arb é an céatadán/an t-athrú comhréireach ar ioncam an tomhaltóra is cúis leis. | **8** |
| | **(ii)** | Úsáid foirmle chuí agus na figiúirí sa tábla thíos agus ríomh **ioncamleaisteachas an éilimh (YED i mBéarla)** don earra seo.<br><br>Mínigh brí eacnamaíochta do fhreagra. **Taispeáin do chuid oibre.** | |

| **Bliain** | **Meánioncan** | **Cainníocht a Éilíodh** |
|---|---|---|
| **2021** | **€40,000** | **150 units** |
| **2022** | **€50,000** | **180 units** |

Obair: **9**

$$\frac{+30}{+10{,}000} \quad x \quad \frac{40{,}000 \ + 50{,}000 \ (90{,}000)}{150 \ + \ 180 \ (330)} \quad = \quad +0.8$$

Míniú: **4**

Is é neamhleaisteach a t-earra – tá an t-athrú céatadáin ar an gcainníocht a éilítear níos lú ná an t-athrú céatadáin ar ioncam. Fágann sé seo gur riachtanas é an t-earra. Tá sé níos lú ná 1.

Gnáth-earra is ea an t-earra – tá éifeacht dhearfach ioncaim aige – de réir mar a ndeachaigh ioncam in airde éilíodh níos mó den earra.

**(iii)** Glac leis gurb é **+ 5.2** ioncamleaisteachas an éilimh ar PlayStation 5 agus gur díoladh 10,000 aonad san iomlán in 2022. Ríomh na díolacháin ionchais **iomlána do 2024 má mheastar go** dtitfidh ioncam tomhaltóirí 5% **in** 2024. Taispeáin do chuid oibre. **6**

| |
|---|
| Obair:<br>Má thiteann ioncam faoi 5%, beifear ag súil go dtitfidh díolacháin faoi (5% x 5.2) = 26%.<br>Titfidh díolacháin faoi 26% in 2023.<br>26% de 10,000 aonad = 2,600 aonad.<br>Is ionann na díolacháin a mbeifear ag súil leo in 2023 agus 10,000 – 2,600 = **7,400 aonad**. |
| Freagra: 7,400 aonad |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br><br>**28** | | Tá fairsingiú mór ar sheirbhís Mhearlíne Átha Cliath (DART) le tosú in 2024 (tionscadal ar a dtugtar DART+) agus is é 2029 an spriocdháta feidhmíochta. Tá sé i gceist i bplean an tionscadail DART+ fad an ghréasáin a shíneadh ó 50 km go dtí níos mó ná 150 km ar chostas €1.1bn. Arna chur in oiriúint ó dartplus.ie | |
| | **(i)** | Rangaítear an cineál caiteachais thuas mar chaiteachas caipitiúil.<br>Mínigh an téarma **caiteachas caipitiúil** agus úsáid sampla eile seachas cúrsaí iompair.<br><br>Is éard is caiteachas caipitil ann caiteachas ar mhíreanna nach n-úsáidtear le linn na bliana / cuidíonn siad le cumas táirgiúil na cuideachta a mhéadú / fabhraíonn a gcuid sochar go fadtéarmach.<br><br>Sampla - scoil nua a thógáil nó ospidéal nua a thógáil. | **4**<br><br><br><br><br>**2**<br><br>**2 @ 5** |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar chostas sóisialta amháin **agus** ar shochar sóisialta amháin maidir leis an tionscadal DART+ atá molta.<br><br>**Costas sóisialta:**<br><br>**Trácht** – beidh méadú ar phlódú tráchta de réir mar a bheidh an tógáil ar siúl.<br><br>**Truailliú –** d'fhéadfadh sé go mbeadh méadú ar thruailliú de réir mar a dhéantar an DART+ a thógáil. Scaoileann innealra tógála trom astuithe carbóin rud a chuireann le truailliú an cheantair.<br><br>**Cur isteach ar ghníomhaíocht áitiúil –** le linn na céime tógála caillfear gnó, b'fhéidir; níos mó míchaoithiúlachta do chónaitheoirí; damáiste do réadmhaoin.<br><br>**Caillteanas timpeallachta nádúrtha** – d'fhéadfadh na bealaí a bheith ar an gcostas a bhaineann le cuid den timpeallacht nádúrtha a chailleadh mar thoradh ar níos lú rochtana do ghníomhaíochtaí sóisialta.<br><br>**Tairbhe shóisialta:**<br><br>**Astaíochtaí laghdaithe –** nuair a bheidh an DART+ críochnaithe ba cheart go mbeadh níos mó daoine ag baint úsáid as an tseirbhís agus go mbeadh níos mó daoine ag baint úsáid as iompar poiblí agus ní carranna príobháideacha i bhfad níos fearr don chomhshaol. Ba cheart go mbeadh an DART+ nua seo ar an gceann is neamhdhíobhálaí don chomhshaol freisin.<br><br>**Plódú laghdaithe** – nuair a bheidh an chéim tógála thart, ba cheart go mbeadh níos lú plódú tráchta mar thoradh ar an DART+ a théann chun tairbhe do dhaoine mar go gcaithfidh siad níos lú ama gach lá/seachtain ag comaitéireacht.<br><br>**Costais laghdaithe cúraim sláinte –** ba cheart go mbeadh daonra níos sláintiúla mar thoradh ar níos lú astaíochtaí agus beidh costais cúraim sláinte níos ísle amach anseo mar thoradh air sin.<br><br>**Gníomhaíocht eacnamaíoch fheabhsaithe –** tar éis a chríochnú féadfaidh níos mó daoine siopadóireacht a dhéanamh /cónaí sna ceantair sin a ndéanann DART+ seirbhísiú orthu. D'fhéadfadh sé seo borradh a chur faoi ghníomhaíocht sa cheantar – borradh a chur faoin bhfostaíocht agus cuidiú le comharsanachtaí a athghiniúint. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Chun tuilleadh caiteachais a mhaoiniú san am atá le teacht, tá an tAire Airgeadais ag smaoineamh ar bhreis ioncam cánach a bhailiú trí pholasaí chun **cánachas indíreach a mhéadú.**<br><br>Pléigh na buntáistí **agus** na míbhuntáistí eacnamaíochta a bhaineann le cánachas indíreach a mhéadú.<br><br>**Buntáistí:**<br><br>**Costas bailithe íseal** – bailiú níos áisiúla toisc go mbailíonn miondíoltóirí na cánacha.<br><br>**Tá an t-imghabháil níos deacra** – tá sé níos deacra cánacha indíreacha a sheachaint mar go bhfuil na cánacha seo san áireamh i bpraghas an earra nó na seirbhíse.<br><br>**Níos lú saobhadh / gan dídhreasacht chun oibre -** ní chuireann CBL bac ar obair murab ionann agus méaduithe i gcáin ioncaim.<br><br>**B'fhéidir go bhfuil sé níos 'inghlactha' ná roghanna eile -** b'fhéidir go mbeadh sé níos éasca don rialtas ioncam cánach a ardú trí cháin indíreach mar go bhfuil na cánacha seo san áireamh i bpraghas an earra nó na seirbhíse. Roghanna eile cuir i gcás cáin ioncaim a mhéadú; d'fhéadfadh muirir ar sheirbhísí a bheith níos neamhspleáiche.<br><br>**In úsáid ag an rialtas chun patrúin tomhaltais a athrú -** is féidir le rialtas patrúin tomhaltais a athrú (costais phríobháideacha agus shóisialta a ailíniú) trí chánacha indíreacha a mhéadú m.sh. tomhaltas táirgí díobhálacha a laghdú m.sh. cáin siúcra agus an cháin charbóin.<br><br>**Feidhmíonn sé mar chobhsaitheoir ionsuite –** tógann cánacha indíreacha níos mó as an ngeilleagar nuair a bhíonn an geilleagar ag feidhmiú go maith agus fágann sé níos mó airgid sa gheilleagar nuair nach bhfuil sé ag feidhmiú chomh láidir sin. Is cobhsaitheoir ionsuite é.<br><br>**Míbhuntáistí:**<br><br>**Méadófar boilsciú** – Méadóidh cánacha indíreacha praghsanna earraí agus seirbhísí agus dá bhrí sin an costas maireachtála, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le héilimh ar mhéaduithe pá breise.<br><br>**Cúlchéimnitheach / éagothrom** – d'fhéadfadh sé go n-íocfadh grúpaí ioncaim níos ísle cion níos mó dá n-ioncam sa chineál cánach seo toisc go gcaitheann siad cion níos mó dá n-ioncam ar riachtanais.<br><br>**Ioncam nach bhfuil chomh cinnte** – níl an t-ioncam a bhailítear chomh intuartha leis an ioncam ó chánachas díreach a d'fhéadfadh bac a chur ar phleanáil / pleanáil rialtais.<br><br>**An t-ualach bailithe le miondíoltóirí** – feidhmíonn miondíoltóirí anois mar bhailitheoirí ioncaim agus caithfear nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun an t-ioncam a bhailiú, a thaifeadadh agus a tharchur. Is costas breise é seo do ghnólacht agus d'fhéadfadh sé bunú gnó a dhíspreagadh.<br><br>**Ní mór buntáiste / míbhuntáiste AMHÁIN ar a LAGHAD a bheith ann.** | **2 x 6** |

## *Ardleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire*

**Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.**

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.**
**Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.**

| Roinn | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá**<br><br>LOI (Gné Fiosrúcháin) | Tá LOI ráite go soiléir, mar cheist/fadhb/deacracht le dul i ngleic le agus tá sé ábhartha leis an téama.<br><br>Tá na haidhmeanna leagtha amach go h-an soiléir (SLACHTMHAR) agus de réir an ghné fhiosrúcháin a roghnaítear agus Torthaí Foghlama na Sonraíochta. | Leibhéal an-mhaith d'fhreagra. Tá an LOI ciallmhar.<br><br>Tá na haidhmeanna soiléir go leor agus i gcomthéacs.<br><br>Iarracht an-mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Maith ach easpa struchtúr.<br><br>Iarracht mhaith ar nascadh an LOI leis an téama ach níl doimhneacht nó struchtúr ann.<br><br>Tá na haidhmeanna doiléir agus tá cuid acu nach bhfuil i gcomhthéacs.<br><br>Iarracht mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra.<br><br>Nascadh an-íseal don LOI leis an téama nó na Torthaí Foghlama.<br><br>Má chuirtear aidhmeanna ar fáil, cuirtear aidhmeanna an-íseal ar fáil. | Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar.<br><br>Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama. |
| **10 marc** | **9-10** | **7-8** | **5-6** | **3-4** | **0-2** |
| **Fianaise ar shonraí:**<br><br>**5 mharc** | **5** | **Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.** | **Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.** | | |

## An Próiseas Taighde
## 40 marc

| | **Sármhaith 9-10** | **An-mhaith 7-8** | **Maith 5-6** | **Réasúnta 3-4** | **Lag 0-2** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Úsáid & Anailís** | Úsáid sonrach do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI.<br><br>Anailís criticiúil domhain do LOI atá ábhartha leis na coincheapa agus teoiric atá in úsáid.Anailís criticiúil agus géarchúiseach do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid. | Úsáid ábhartha an-mhaith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI.<br><br>Anailís criticiúil an-mhaith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid. | Úsáid ábhartha maith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI.<br><br>Anailís maith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid. | Úsáid bunúsach d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin.<br><br>Anailís bunúsach don eolas agus sonraí atá in úsáid. | Úsáid ar bith d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin. Is féidir go mbeidh coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. Tá anailís na bhfoinsí eolais agus sonraíochta má úsáidtear iad an-íseal agus neamhábhartha |
| **Léirmhínigh & Luacháil** | Aistriú agus luacháil iontach agus eolach ar shonraí, coincheapa agus teoiric eacnamaíochta bainteach leis an LOI. | Léirmhínítear agus déantar anailís ar coincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí ar chaighdeán an-ard. | Léirmhíniú agus luacháil maith do choincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí. | Tá an taighde atá déanta ar an ghné fhiosrúcháin olc agus mar sin de tá caighdeán aistrithe agus luachála an-íseal.Is féidir go mbeidh cuid don anailís mícheart. | Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Bunúsach mura bhfuil léirmhíniú nó luacháil. Taighde neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. |
| **Argóintí & Breithiúnais** | Déantar luacháil agus ceistiú ar argóintí agus breithiúnais eolacha iontacha ar dóigh oibiachtúil agus déantar iad a nascadh go soiléir le coincheapa agus teoiric eacnamaíochta agus a thacú le sonraí/learaídí/cuair cuí. | Déantar anailís eolach an-mhaith ar argóintí agus breithiúnais. Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí an-mhaith d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/léaráidí/cuair. | Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí maithe d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/léaráidí/cuair. | Argóintí an-teoranta agus/nó cuirtear breithiúnais chun tosaigh le cuid acu ábhartha go neamh-shoiléir. | Ní chuirtear aon argóint nó breithiúnais ar fáil. |
| **Sonraí (Úsáid & Anailís)** | Tá na sonraí atá in úsáid cuí, cruinn, anailísithe go criticiúil, léirmhínithe agus a luacháil go domhain i gcaighdeán an-ard. | Déantar anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag caighdeán an-ard. | Déantar beagáinín anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag leibhéal maith. Easpa doimhneacht. | Caighdeán íseal do thaighde ar shonraí, déantar cuid acu a anailísiú go cruinn ach cuid acu feidhmithe go míchruinn agus neamhábhartha. | Tá na sonraí má tugtar iad neamhábhartha agus seanaimseartha. |
| **Próiseas** Taighde **Marc Iomlán** | **36-40** | **28-35** | **20-27** | **19-12** | **0-11** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Conclúid** | Breithiúnais/conclúidí an-eolach, cuí & cruthaithe atá bunaithe go soiléir & follasach ar an anailís & luacháil don fhianaise a bhaineann le coincheapa & teoiric.<br>Baintear aidhmeanna beartaithe amach & déantar moltaí cruthaithe ábhartha.<br>Gné fiosrúcháin ábhartha nua molta a tháinig ó anailís an taighde. | Conclúid eolacha bunaithe go soiléir ar anailís agus luacháil na fianaise le nasc soiléir chuig coincheapa & teoiric.<br>Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach. Moltaí ábhartha déanta.<br>Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua. | Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar an anailís agus luacháil le roinnt fianaise go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa & teoiric.<br>Baintear an méid is mó d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt. | Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha.<br>Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe. Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe. | Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid.<br>Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach. Cuid mhór athdhéanamh agus athrá. |
| **20 marc** | **18-20** | **14-17** | **10-13** | **6-9** | **0-5** |
| **Machnamh** | Léargas pearsanta soiléir agus domhain faighte trí machnamh tuisceanach agus domhain ar an rannphháirtíocht leis an staidéar.<br>Inniúlacht cuimsitheach soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Léargas pearsanta soiléir faighte trí machnamh ar an rannpháirtíocht leis an staidéar.<br>Inniúlacht soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear roinnt léargais pearsanta fríd roinnt machnamh teoranta ar an ábhar.<br>Machnamh éigin déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar.<br>Machnamh teoranta déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha.<br>Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. |
| **10 marc** | **9-10** | **7-8** | **5-6** | **3-4** | **0-2** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán** | SRP an-chiallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe.<br>Tá an struchtúr iontach. Tá an chumarsáid choincheapa, teoiric agus sonraí atá in úsáid cuimsitheach agus ábhartha.<br>Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas sonrach, smaointeoireacht chriticiúil agus fócas géar.<br>Úrnuacht agus nuálaíocht iontach soiléir ar fud. | Tá SRP an-chiallmhar & loighciúil de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe.<br>Struchtúr an-mhaith.<br>Tá an teanga, na coincheapa agus sonraí atá in úsáid imeasctha go maith.<br>Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas maith, agus fianaise ar smaointeoireacht chriticiúil.<br>Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Tá SRP beagáinín ciallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe. Struchtúr réasúnta.<br>Taispeánann cumarsáid argóintí agus breithiúnais leibhéal maith eolais.<br>Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt.<br>Struchtúr íseal. Tá an chumarsáid neamheagraithe agus tá easpa aontachta ann.<br>Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Níl struchtúr & comhleanúnachas ar bith leis an tuairisc seo.<br>Tá easpa fócas agus soiléireacht sa tuairisc.<br>Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc. |
| **15 marc** | **14-15** | **11-13** | **8-10** | **5-7** | **0-4** |